# Athdhearadh Gréasáin Bus Luimnigh Imleabhar I: An Dréacht-Ghréasán Nua

FEABHRA 2023

BUS CONNECTS LUIMNEACH

IOMPAR INBHUANAITHE DO CHATHAIR NÍOS FEARR.

Arna ullmhú ag Jarrett Walker & Associates agus SYSTRA thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair.

# Clár Ábhar


**1 Réamhrá agus Achoimre ..... 4**

Cad is BusConnects Luimnigh ann? ..... 5

Cad atá i gCeist le hAthdhearadh an Ghréasáin? ..... 6

An Limistéar Staidéir ..... 7

Eochairphrionsabal – Níos Mó Infheistíochta sa tSeirbhís ..... 8

Léarscáil den Ghréasán atá ann cheana ..... 9

Léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua ..... 10

Seirbhís chuig Níos Mó Limistéar ..... 11

Níos Mó Bealaí a bhfuil Seirbhís Mhinic acu ..... 12

Seirbhís Níos Fearr ar an Domhnach ..... 13

Seirbhís 24 hUaire an Chloig i bPríomhlimistéir ..... 14

Eochairphrionsabal – Níos Mó Rochtana ar Dheiseanna ..... 15

Rochtain Mhéadaithe ar Fud na Cathrach ..... 17

Léarscáil den Rochtain Mhéadaithe ar Phoist ar Laethanta le linn na Seachtaine ..... 18

Léarscáil den Rochtain Mhéadaithe ar Phoist ar an Domhnach ..... 19

Conas Foghlaim faoin Dréacht-Ghréasán Nua ..... 20

**2 Prionsabail Iompair Phoiblí agus Athdheartha Gréasáin ..... 21**

Cad is Cúis le Gréasán Úsáideach? ..... 22

Minicíocht ..... 23

Seirbhísí Gathacha vs. Cuarsheirbhísí ..... 25

Cómhalartú nó Castacht? ..... 26

Cómhalartú i Luimneach ..... 28

Tionchar na Timpeallachta Tógtha ar an Iompar Poiblí ..... 29

**3 An Gréasán Bus atá ann cheana ..... 38**

Struchtúr an Ghréasáin atá ann cheana ..... 39

Léarscáil den Ghréasán atá ann cheana ..... 40

Minicíochtaí agus Uaireanta Seirbhíse atá ann cheana ..... 41

Grafaic de Mhinicíocht agus Uaireanta Seirbhíse – An Gréasán atá ann cheana ..... 42

Gaireacht d'Aon Seirbhís, agus Seirbhís Mhinic ..... 43

Léarscáil de Limistéir atá laistigh de 400 m ó Sheirbhís atá ann cheana ..... 44

Na Tosca a Dhéanann Difear don Ghaireacht do Sheirbhís ..... 45

Castacht sa Ghréasán atá ann cheana ..... 46

Scoilteanna Aontreo ..... 47

Barúlacha Áitiúla maidir leis an nGréasán atá ann cheana ..... 49

**4 An Margadh do Sheirbhís agus an Gá le Seirbhís ..... 51**

Táscairí ar an Éileamh ar an Iompar Poiblí agus ar an nGá leis an Iompar Poiblí ..... 52

Dlús Gníomhaíochta ..... 53

Dlús Cónaithe ..... 55

Dlús Post agus Ardoideachais. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 57
Bunscoileanna agus Meánscoileanna . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 59
Teaghlaigh gan Charr . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .61
Limistéir Shaibhris agus Dhíothachta . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 63
Cónaitheoirí Dífhostaithe . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 65
Dlús Daoine Óga (17 mbliana nó níos óige) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 67
Seanóirí (65 bliana nó níos sine) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 69
Tréscaoilteacht an Ghréasáin Siúil . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .71

**5 Forbhreathnú ar an Dréacht-Ghréasán Nua.................................... 73**
Cad atá sa Dréacht-Ghréasán Nua?. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 74
Léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 75
An tSeirbhís Bheartaithe i Lár na Cathrach . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 76
Tionchair ar Phointí Rochtana go Lár na Cathrach . . . . . . . . . . . . . . 77
Seirbhís chuig Níos Mó Limistéar . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 78
Léarscáil de Limistéir atá laistigh de 400 m ó Sheirbhís Bheartaithe 79
Mionsonraí Áitiúla . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 80
Tuairisc de réir an Bhealaigh . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 82
Minicíochtaí Mionsonraithe agus Uaireanta Seirbhíse . . . . . . . . . . . 83
Seirbhís 24 hUaire an Chloig ar Bhealach 4 atá Beartaithe. . . . . . . 84

**6 Comparáidí Samplacha: An Gréasán atá ann cheana vs. an Dréacht-Ghréasán Nua........................................................................ 85**

**7 Conas a Bheadh an Dréacht-Ghréasán Nua Níos Úsáidí ..............89**
Eochairphrionsabal – Níos Mó Rochtana ar Dheiseanna . . . . . . . . . 90
Rochtain Fheabhsaithe ó Phríomhláithreacha . . . . . . . . . . . . . . . . . 92
Lár na Cathrach. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 93
Stáisiún Cholbaird. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 94
Ollscoil Luimnigh. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 95
Ospidéal Ollscoile Luimnigh . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 96
Campas Mhaoilis d'Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne (Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh roimhe seo). . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 97
Rochtain Fheabhsaithe ar Fud na Cathrach . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 98
Léarscáil den Athrú ar an Rochtain ar Phoist – 30 Nóiméad, Laethanta le linn na Seachtaine . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 99
Léarscáil den Athrú ar an Rochtain ar Phoist – 45 Nóiméad, Laethanta le linn na Seachtaine . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 100
Léarscáil den Athrú ar an Rochtain ar Phoist – 30 Nóiméad, an Domhnach . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .101
Léarscáil den Athrú ar an Rochtain ar Phoist – 45 Nóiméad, an Domhnach . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 102

**Aguisín A (Tábla Minicíochta)........................................................105**
**Aguisín B (Iseacróin ar Laethanta le linn na Seachtaine)................111**
**Aguisín C (Iseacróin ar an Domhnach)...........................................138**

# 1 Réamhrá agus Achoimre


# Cad is BusConnects Luimnigh ann?

Is é is BusConnects ann ná clár um infheistíocht iompair phoiblí i mór-lárionaid uirbeacha na hÉireann. Déanann an tÚdarás Náisiúnta Iompair (an tÚdarás) é a fhorbairt agus a bhainistiú, agus cistíonn Tionscadal Éireann 2040 é.

Tá a lán gnéithe ar áireamh in BusConnects:

- **An gréasán bus a athdhearadh**
- **Conairí nua bus agus lánaí nua rothar a thógáil**
- **Córas ticéadaithe úrscothach a chur chun feidhme**
- **Córas íocaíochta gan airgead tirim a chur chun feidhme**
- **Struchtúr táillí níos simplí**
- **Libhré nua bus**
- **Stadanna agus scáthláin nua bus**
- **Láithreacha nua Páirceála agus Taistil ag príomhláithreacha**
- **Aistriú chuig flít nua busanna astaíochtaí nialasacha**

Tá roinnt de na gnéithe sin ar bun cheana féin i Luimneach. Cuireadh busanna nua buí glasa TFI in ionad a lán seanbhusanna a mbíodh libhré Bhus Éireann orthu. Cuirfear dhá bhus cheallra-leictreacha nua is fiche leis an bhflít áitiúil sa bhliain 2023.




Trí BusConnects Luimnigh a chur i gcrích, cabhrófar leis na straitéisí beartais Rialtais seo agus na pleananna áitiúla seo a réadú:

- **An Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027**
- **An Plean Gnímh don Aeráid 2019**
- **Plean Forbartha Luimnigh 2022-2028**
- **Straitéis Iompair Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne 2040**

# Cad atá i gCeist le hAthdhearadh an Ghréasáin?

Tá gréasán bus Luimnigh ag athrú de réir a chéile thar lear blianta, de réir mar atá an chathair agus an ceantar mórthimpeall ag athrú.

Mar gheall ar an bhfás a tharla le déanaí agus ar an bhfás atá beartaithe, mar aon leis an iarracht náisiúnta forbairt níos inbhuanaithe a chur chun cinn, tá gá práinneach ann leis an tseirbhís bus a athmheas. Tá sé tráthúil athmheastóireacht a dhéanamh ar dhearadh an ghréasáin áitiúil bus agus infheistiú i rath an ghréasáin sin.

Tá na comhlachtaí seo a leanas ag obair i gcomhar le chéile chun an gréasán a athdhearadh:

- **An tÚdarás Náisiúnta Iompair**
- **Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh**
- **Comhairle Contae an Chláir**
- **Bus Éireann**

**Is é atá in athdhearadh an ghréasáin bus ná athbhreithniú ar cé na háiteanna ar cheart seirbhísí bus a sholáthar iontu agus cé chomh minic agus ba cheart iad a sholáthar.** Áirítear leis sin na bóithre a n-oibríonn busanna orthu, amanna agus laethanta seirbhíse, minicíochtaí, láithreacha stad agus an dóigh a gcómhalartaíonn paisinéirí.

Chun a chinntiú go mbeidh an gréasán ag freastal ar na riachtanais atá ann faoi láthair agus ar na riachtanais a bheidh ann san am atá le teacht, tá an fhoireann tionscadail ag athshamhlú an ghréasáin ó iomaire bán, in ionad an gréasán reatha a choigeartú. Leanfaidh an chuid is mó den ghréasán nua na sráideanna céanna a leanann sé san am i láthair, ach ní leanfaidh sé na patrúin chéanna i ngach cás.

## An Próiseas Athdheartha

Áirítear leis an tuarascáil seo:

- **Measúnú ar an éileamh atá ann cheana ar an iompar poiblí agus ar an ngá leis an iompar poiblí.**
- **Eochairphrionsabail agus roghanna maidir leis an ngréasán bus a athdhearadh**
- **Togra an Dréacht-Ghréasáin Nua.**

Tá an tuarascáil seo ar an mbonn leis an gcaidreamh poiblí ar an Dréacht-Ghréasán Nua agus le haiseolas tábhachtach a bhailiú.

Ós rud é gur ní a mbraitheann duine éigin air é gach mionsonra ar leith den ghréasán atá ann cheana, tá an tÚdarás ag súil leis go bhfaighfear raon leathan tuairimí dearfacha agus diúltacha. Beidh aon athrú mór ar ghréasán bus ina údar míchaoithiúlachta do roinnt daoine, fiú i gcás gurb amhlaidh, ar an iomlán, a bheidh sé ina fheabhas do gach duine, beagnach, san fhadtéarma.

A luaithe a bheidh tuiscint gnóthaithe ag an bhfoireann ar an aiseolas ar fad arna thabhairt, dearfar Gréasán Nua Deiridh agus an t-aiseolas sin á chur san áireamh. Maidir leis na hathruithe bealaigh a bheadh comhsheasmhach le plean an Ghréasáin Nua Deiridh, d'fhéadfaí tús a chur le hiad a chur chun feidhme chomh luath leis an mbliain 2025.

## Na Bealaí atá faoi Athbhreithniú

Dírítear san athdhearadh gréasáin seo ar Chathair Luimnigh agus ar a bruachbhailte. Áirítear leis sin na seirbhísí a sholáthraítear faoi láthair ar na bealaí seo a leanas atá ann cheana:

| Bealach | Oibritheoir |
|---|---|
| 301 | Bus Éireann |
| 302 | Bus Éireann |
| 303 | Bus Éireann |
| 304 | Bus Éireann |
| 304A | Bus Éireann |
| 305 | Bus Éireann |
| 305A | Bus Éireann |
| 306 | Bus Éireann |
| 310 | Dublin Coach |
| 313 | Bus Éireann |

***Mar thoradh ar an athdhearadh gréasáin, d'fhéadfadh go n-athrófaí na bóithre a n-oibríonn busanna orthu, amanna agus laethanta seirbhíse, minicíochtaí, láithreacha stad agus an dóigh a gcómhalartaíonn daoine.***

# An Limistéar Staidéir


Áirítear leis an limistéar staidéir le haghaidh an athdheartha gréasáin seo limistéir a bhfreastalaíonn bealaí áitiúla Bhus Éireann agus Dublin Coach orthu. Áirítear leis limistéir fhoirgnithe sna háiteanna seo a leanas:

- **Cathair Luimnigh agus a bruachbhailte**
- **Mungairit**
- **Áth an Choite**
- **Ard na Croise, an Pairtín agus Firhill**

I dteannta a chéile, cruthaíonn na limistéir sin limistéar uirbithe a gcónaíonn breis agus 100,000 duine ann agus a bhfuil bonn eacnamaíoch a chuimsíonn 50,000 post, beagnach, aige.

Ní áirítear leis an limistéar staidéir bailte atá lonnaithe níos faide i dtreo an oirthuaiscirt (Caisleán Uí Chonaill, Cill Dalua nó an tAonach) nó i dtreo an iarthuaiscirt (amhail Sionainn nó Droichead Abhann Ó gCearnaigh).

Tá seirbhísí bus idir limistéir fhorimeallacha agus Cathair Luimnigh á n-athbhreithniú mar chuid den tionscnamh ‘Éire a Nascadh’, ar tionscnamh náisiúnta é a bhfuil mar aidhm leis feabhas a chur ar sheirbhísí iompair phoiblí tuaithe agus idirchathrach.



# Eochairphrionsabal – Níos Mó Infheistíochta sa tSeirbhís

## Pátrúnacht vs. Cumhdach

Is féidir an t-iompar poiblí a dhearadh chun spriocanna difriúla a bhaint amach.

Ceann de phríomhspriocanna an iompair phoiblí is ea ardphátrúnacht. Is gnách gur seirbhís a sholáthraítear go minic, atá díreach agus lena nasctar na háiteanna a bhfuil a lán daoine ag cónaí nó ag obair iontu í seirbhís atá deartha le haghaidh ardphátrúnachta. Teastaíonn an cineál sin seirbhíse chun spriocanna aeráide agus forbartha Luimnigh agus a spriocanna mar áit chónaithe a chomhlíonadh.

Ní hí pátrúnacht an t-aon sprioc amháin atá ag an iompar poiblí, áfach. Bítear ag súil leis freisin go soláthróidh an t-iompar poiblí leibhéal bunúsach seirbhíse do limistéir áirithe nach bhfuil ach roinnt bheag daoine ag cónaí nó ag obair iontu, fiú i gcás go mbeidh an phátrúnacht íseal, chun scoiteacht a chosc.

Tá an dá sprioc sin san iomaíocht lena chéile nuair atá buiséad teoranta seirbhíse i gceist. Dá mhéad a chomhchruinníonn gréasán an tseirbhís ina bealaí minice uile-lae sna háiteanna a bhfuil an líon is mó cónaitheoirí agus gníomhaíochtaí iontu is ea is lú an tseirbhís atá ar fáil chun freastal ar limistéir a bhfuil líon níos lú daoine iontu.

Is ann i nach córas iompair phoiblí don iomaíocht sin idir **ardphátrúnacht** a shaothrú agus **cumhdach** leathan a sholáthar.

## Seirbhís Bhreise

Á aithint aige nach dtugtar aghaidh ar spriocanna pátrúnachta ná cumhdaigh go leordhóthanach leis an ngréasán bus atá ann cheana, tá an tÚdarás ag moladh méadú suntasach sa tseirbhís trí BusConnects Luimnigh.

**Leis an Dréacht-Ghréasán Nua, mhéadófaí an tseirbhís bus i gCathair Luimnigh agus a bruachbhailte faoi thart ar 70%.** Áirítear leis an méadú sin gnéithe, ar a nós seo a leanas, a spriocdhíríonn go príomha ar phátrúnacht níos airde:

- seirbhís 24 huaire an chloig idir Ospidéal Ollscoile Luimnigh, Lár na Cathrach agus Ollscoil Luimnigh.
- ceithre bhealach a oibreoidh gach 15 nóiméad nó níos minice go dtí 8 pm, seacht lá sa tseachtain.

Áirítear leis freisin gnéithe, ar a nós seo a leanas, atá dírithe ar an limistéar a gcumhdaíonn an t-iompar poiblí é a leathnú:

- Seirbhísí nua ar Bhóthar an Duga, ar Bhóthar na hInse agus ar Bhóthar Condell.
- Seirbhís uile-lae go hArd na Croise, go dtí an Pairtín agus go hEastát Tionscail an Ráithín.

Is é an toradh a bheidh ar na méaduithe sin sa tseirbhís ná go dtabharfar an tseirbhís bus i Luimneach i gcomhréir leis na leibhéil seirbhíse atá beartaithe a sholáthar i gCorcaigh.


### Cén fáth a gcuirfí seirbhís leis chun spriocanna pátrúnachta a bhaint amach?

- **Chun plódú tráchta a chomhrac agus chun tacú le fás geilleagrach.**
- **Chun truailliú aeir agus truailliú uisce a chomhrac.**
- **Chun astaíochtaí carbóin a laghdú agus chun an t-athrú aeráide a chomhrac.**
- **Chun tacú le dlúthfhorbairt insiúlta.**
- **Chun feabhas a chur ar an rochtain ar líon ard post, deiseanna oideachais agus deiseanna eile.**


### Cén fáth a gcuirfí seirbhís leis chun spriocanna cumhdaigh a bhaint amach?

- **Chun cuimsiú sóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn, beag beann ar cén áit a gcónaíonn daoine.**
- **Chun freastal ar dhaoine a bhfuil dianriachtanas iompair phoiblí acu.**
- **Chun tairbhí an iompair phoiblí a sholáthar do gach duine.**

# Léarscáil den Ghréasán atá ann cheana



# Léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua



# Conas na Léarscáileanna den Ghréasán a Léamh

## Léiríonn na Dathanna an Mhinicíocht

Ar na léarscáileanna ar na leathanaigh roimhe seo, léirítear stíl a úsáidtear ar fud na tuarascála seo, áit a **seasann dathanna bealaigh don mhinicíocht** le linn an lae ar laethanta le linn na seachtaine.

- **Tugann línte dúdhearga** seirbhís an-mhinic le fios, áit a dtagann bus gach 10 nóiméad nó níos minice.
- **Tugann línte dearga** seirbhís mhinic le fios, áit a dtagann bus gach 15 nóiméad nó níos minice.
- **Tugann línte corcra** bealaí ina dtagann bus gach 20 nóiméad, a bheag nó a mhór, le fios.
- **Tugann línte dúghorma** bealaí ina dtagann bus gach 20 nóiméad, a bheag nó a mhór, le fios.
- **Tugann línte bánghorma** bealaí a thagann gach 20 nóiméad, a bheag nó a mhór, le fios.


## Uimhreacha Bealaigh Nua

**Tá na huimhreacha bealaigh sa Dréacht-Ghréasán Nua difriúil le haon uimhreacha bealaigh atá ann cheana.**

Soláthraítear na huimhreacha nua sin chun nach mbeidh aon mhearbhall ann idir iad agus na huimhreacha seirbhíse atá ann cheana. Ní uimhreacha deiridh iad, agus is féidir go n-athrófar iad sula gcuirfear an Gréasán Nua Deiridh i bhfeidhm.

## Bealaí a Scoilteadh ina gCraobhacha

Dhéanfaí roinnt bealaí sa Dréacht-Ghréasán Nua a scoilteadh ag a gceann. Tá sé sin léirithe mar a leanas ar na léarscáileanna:




**Ní cómhalartú é sin. Tagann na busanna ar na bealaí corcra (nó gorma) le chéile chun an bealach dearg a chruthú.**

Mar shampla, tá Bealach 4 comhdhéanta de Bhealach 4A agus de Bhealach 4B. Tagann Bealach 4A (ó Bhóthar an Athar Ruiséil) agus Bealach 4B (ó Eastát Tionscail an Ráithín) le chéile ag timpeallán an Ráithín. Leanann gach ceann de bhusanna 4A agus 4B ar aghaidh go Lár na Cathrach agus go hOllscoil Luimnigh. Scoilteann siad ó chéile an athuair i gCaladh an Treoigh, áit a leanann busanna 4A ar aghaidh ar Bhóthar Pháirc Plassey agus a leanann busanna 4B ar aghaidh go Bóthar Chill Mhuire agus go Bóthar Choláiste Chaladh an Treoigh.


# Seirbhís chuig Níos Mó Limistéar

Leis an Dréacht-Ghréasán Nua, sholáthrófaí seirbhís uile-lae ina lán limistéar nach mbítear ag freastal orthu ar chor ar bith faoi láthair nó nach mbítear ag freastal orthu ach dornán uaireanta sa lá faoi láthair. Áirítear leo sin:

- **Bóthar na hInse**
- **Bóthar an Duga**
- **Bóthar Condell**
- **Eastát Tionscail an Ráithín**
- **Bóthar Mhuileann na Fola**
- **Ollscoil Luimnigh, an campas thuaidh**
- **Ard na Croise, an Pairtín agus Firhill**
- **Bóthar Thuar an Daill**, idir Bóthar Neasáin agus Bóthar na Maoilchearna
- **Bóthar Pháirc Plassey**, idir Plásóga na Darach agus Áth an Choite.

Toradh eile a bheadh ar an Dréacht-Ghréasán Nua ba ea go mbainfí seirbhís de roinnt bóithre. Ina lán cásanna, chuirfeadh sé sin seirbhís dhá threo ar bhóthar aonair in ionad seirbhís aontreo ar dhá bhóthar. Áirítear na bóithre seo leis na bóithre a mbainfí seirbhís díobh: Ascaill Brookville; Bóthar Thobar na Pingine; Sráid an Tiarna Éadbhard; Bóthar na Maoilchearna; agus codanna de Bhóthar Bhéal Átha Síomoin; de Bhóthar Childers; de Pháirc Sheáin Carew; de Pháirc Uí Mháille; agus de Bhóthar Phádraig.

Ar an iomlán, mhéadófaí ó 53% go 61% an sciar de chónaitheoirí atá laistigh




de thuras 400 méadar de shiúl na gcos ó stad bus (ar turas thart ar chúig nóiméad de shiúl na gcos é).

# Níos Mó Bealaí a bhfuil Seirbhís Mhinic acu


Is seirbhís níos úsáidí í seirbhís mhinic ar na cúiseanna seo a leanas:

- Laghdaítear an méid ama a chaitear ag feitheamh.
- Bíonn an cómhalartú gasta agus iontaofa.
- Feabhsaítear an iontaofacht, toisc go mbeidh bus eile ag teacht roimh i bhfad má bhriseann bus anuas.

Leathnófaí seirbhís mhinic chuig limistéir nua agus chuig príomhchinn scríbe, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- **Bóthar Thuar an Daill**
- **Bóthar de hÍde**
- **Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Maoilis**
- **Ionad Siopadóireachta Chrois Ó Cuanach**
- **Bóthar an Chorrbhaile**
- **Bóthar Mhuileann na Fola**
- **Bóthar na Grúdan**
- **Ollscoil Luimnigh, an campas thuaidh.**

Mar thoradh air sin, bheadh 41% de chónaitheoirí ina gcónaí laistigh de 400 méadar ó sheirbhís gach 15 nóiméad nó níos minice, i gcomparáid le 28% sa ghréasán atá ann cheana.



# Seirbhís Níos Fearr ar an Domhnach


Baineann tábhacht le seirbhís ar an Domhnach maidir le cabhrú le daoine maireachtáil le líon níos lú carranna, toisc nach mbeidh daoine in ann brath ar an iompar poiblí mura mbíonn sé úsáideach gach lá ar a mbíonn orthu taisteal.

Sa ghréasán atá ann cheana, is turais a bhíonn míchaoithiúil nó do-dhéanta ar an Domhnach iad a lán turas iompair phoiblí a bhíonn caoithiúil ar laethanta le linn na seachtaine.

Tá sé sin amhlaidh ar chúiseanna éagsúla: tosaíonn an tseirbhís d'fhormhór na mbealaí tar éis 10 am; ní sholáthraíonn aon bhealach seirbhís gach 20 nóiméad nó níos minice; agus ní oibríonn roinnt bealaí ar chor ar bith ar an Domhnach.

Sa Dréacht-Ghréasán Nua, thosódh an tseirbhís ar an Domhnach níos luaithe sa lá agus bheadh sí níos minice.

- **Thosódh an tseirbhís d'fhormhór na mbealaí ag 7 am.**
- **Thairgfeadh na ceithre bhealach mhinice seirbhís gach 15 nóiméad nó níos minice ó 9 am go 8 pm.**
- Tar éis 10 am, bheadh an tseirbhís ar an Domhnach cosúil leis an tseirbhís ar laethanta le linn na seachtaine agus ar an Satharn.




# Seirbhís 24 hUaire an Chloig i bPríomhlimistéir

**Maidir le Bealach 4 atá beartaithe, rud a nascfadh Ospidéal Ollscoile Luimnigh, Lár na Cathrach agus Ollscoil Luimnigh, sholáthródh sé seirbhís ar fud an lae agus ar fud na hoíche.**

Sholáthrófaí seirbhís go mall san oíche ar chraobh 4B, rud a d'fhreastalódh ar roinnt limistéar a mbíonn gníomhaíocht shuntasach san oíche acu, lena n-áirítear Eastát Tionscail an Ráithín, Ospidéal Ollscoile Luimnigh, Lár na Cathrach, agus Ollscoil Luimnigh.



### Bealaí uirbeacha bus Luimnigh — Minicíochtaí Seirbhíse* — An Dréacht-Ghréasán




**Nótaí**

* Níl seirbhís go Caisleán Uí Chonaill, go Sionainn agus go hInis ar áireamh sa staidéar seo. Tá leasuithe á n-iniúchadh tríd an Scéim 'Éire a Nascadh' de chuid TFI.

[1] Bíonn minicíocht 15 nóiméad ag Bealach 4, in ionad minicíocht 10 nóiméad a bheith aige. Bíonn minicíocht 30 nóiméad ag Bealaí 4A agus 4B, in ionad minicíocht 20 nóiméad a bheith acu

# Eochairphrionsabal – Níos Mó Rochtana ar Dheiseanna



## Seirbhís Níos Úsáidí

Ní féidir a thuar cá mhéad duine go díreach a d'fhéadfadh gréasán feabhsaithe bus a úsáid. D'fhéadfadh cinneadh an duine ar cé acu a úsáidfidh nó nach n-úsáidfidh sé nó sí iompar poiblí ar aon lá ar leith a bheith ag brath ar an aimsir, ar phraghsanna peitril, ar phleananna tráthnóna, ar dhearcthaí sábháilteachta agus ar a lán tosca eile.


Mar sin féin, is féidir a thomhas cé acu a mhéadódh nó nach méadódh na hathruithe sa tseirbhís a úsáidí atá an t-iompar poiblí.

Tá an t-iompar poiblí úsáideach a mhéid a chuireann sé ar chumas daoine dul chuig na háiteanna a dteastaíonn uathu dul chucu, agus déanamh amhlaidh laistigh de thréimhse réasúnach ama. **Dá mhéad áit úsáideach is féidir leat a shroicheadh laistigh de thréimhse réasúnach ama is ea is mó an rochtain a bhíonn agat ar dheiseanna.**

Dá réir sin, is é atá sa tseirbhís a dhearadh chun an rochtain ar dheiseanna a bhíonn ag a lán daoine a mhéadú ná an uirlis is fearr atá ag pleanálaithe chun an phátrúnacht iompair phoiblí a mhéadú.

Dá bhrí sin, ní hé amháin go méadódh an t-athdhearadh gréasáin an tseirbhís ar mhaithe leis féin amháin ach go ndéanfadh sé amhlaidh go sonrach chun an rochtain ar dheiseanna a uasmhéadú don oiread daoine agus is féidir.

## CAD IS ROCHTAIN ANN?



## Cé na tosca a dhéanann difear don rochtain ar dheiseanna?

Déanann na nithe seo a leanas difear don rochtain ar dheiseanna d'iompar poiblí:


- **Cá mhéad ceann scríbe atá gar don iompar poiblí.**
- **Cá fhad is gá do dhuine taisteal de shiúl na gcos chuig** an tseirbhís agus ón tseirbhís.
- **Cá fhad is gá do dhuine feitheamh** le haghaidh na seirbhíse.
- **Cé chomh fada agus is gá do dhuine taisteal** ar iompar poiblí.
- **Luas na seirbhíse.**
- **Cá fhad is gá do dhuine feitheamh chun cómhalartú idir seirbhísí.**

Tá smacht ag soláthraithe iompair phoiblí ar roinnt de na tosca sin: an t-aga feithimh, an cómhalartú, cé chomh díreach is atá an bealach, cén áit a soláthraítear seirbhís.

Tá níos lú smachta acu, nó níl aon smacht acu, ar thosca eile: luas an iompair phoiblí, achair thaistil, cén áit a bhfuil poist agus tithe lonnaithe. De ghnáth, bíonn na tosca sin faoi smacht na n-údarás áitiúil toisc go mbainistíonn siad úsáid talún, forbairt agus bóithre.

### Agaí Turais a Mheas

Nuair a labhraíonn daoine faoi agaí turais iompair phoiblí, is minic a dhíríonn siad ar an am a chaitear ar an mbus. Áirítear le turais iompair phoiblí freisin an t-am a chaitear ag siúl agus ag feitheamh, ar mó é uaireanta ná an t-am a chaitear ar an bhfeithicil féin.




**Siúl chuig an stad agus uaidh araon**

Is trí shiúl a thosaítear agus a chríochnaítear formhór na dturas iompair phoiblí.

**Feitheamh leis an gcéad bhus eile**

Ní bhíonn ort feitheamh i dtús do thurais amháin, bíonn ort feitheamh ag deireadh an turais freisin. Cé gur féidir leat an baile a fhágáil tamaillín sula n-imíonn do bhus, tarlaíonn sé, má thagann do bhus go hainmhinic, gur minic gur gá duit rogha a dhéanamh idir do cheann scríbe a shroicheadh go róluath nó go ródhéanach.

Más gá duit cómhalartú, beidh ort feitheamh uair amháin eile.

I gcás an dá chineál feithimh sin, tarlóidh sé ar an meán go gcaithfidh gach paisinéir thart ar aon leath de mhinicíocht na mbealaí atá i gceist ag feitheamh.

**Ar bhord na feithicle**

Déanann an fad atá tú ag taisteal agus luas na feithicle araon difear don am a chaitheann tú ar an bhfeithicil. San anailís uainn ar an Dréacht-Ghréasán Nua, bhaineamar úsáid as toimhdí luais choimeádaigh (mhall). Is é an toradh a bheidh ar fheabhsuithe ar luasanna ná go dtiocfaidh méadú ar an rochtain atá ag tuilleadh daoine ar phoist agus ar scoileanna.

# Rochtain Mhéadaithe ar Fud na Cathrach

Léirítear ar na léarscáileanna ar an leathanach seo cé chomh fada agus a bheadh duine éigin in ann taisteal, ag tosú dó nó di ag an gcrosbhealach idir Sráid Uí Chonaill agus Sráid Liam, laistigh de 30 nóiméad agus laistigh de 45 nóiméad faoi seach, dá n-úsáidfeadh sé nó sí an gréasán atá ann cheana (bándearg) nó an Dréacht-Ghréasán Nua (gorm).

Léirítear ar na léarscáileanna sin gurb amhlaidh, mar shampla, dá gcuirfí an Dréacht-Ghréasán Nua i bhfeidhm, a bheadh duine éigin atá ina chónaí nó ina cónaí i Lár na Cathrach in ann thart ar 27% níos mó de phoist a shroicheadh laistigh de 30 nóiméad trí iompar poiblí a úsáid. Áirítear leis an aga taistil 30 nóiméad an t-am a chaitear ag siúl chuig stadanna bus agus amach astu, an t-am a chaitear ag feitheamh leis an mbus, agus an t-aga taistil ar an mbus é féin.

Tomhaiseadh an cineál sin athraithe ar fud an limistéir staidéir. Áirítear na nithe seo leis na príomhthorthaí:


- **D'fhéadfadh an cónaitheoir airmheánach i Luimneach 48% níos mó de phoist a rochtain ar laethanta le linn na seachtaine, agus 107% níos mó de phoist a rochtain ar an Domhnach, laistigh de 30 nóiméad.**
- Laistigh de 45 nóiméad, d'fhéadfadh an cónaitheoir airmheánach i Luimneach 29% níos mó de phoist a rochtain ar laethanta le linn na seachtaine agus 47% níos mó de phoist a rochtain ar an Domhnach.

Cé chomh fada agus a d'fhéadfainn dul ó Shráid Uí Chonaill agus ó Shráid Liam laistigh de thréimhse réasúnach ama?





**Am lae ar laethanta le linn na seachtaine**

**30 nóiméad**




**45 nóiméad**




***Is áiteanna fostaíochta iad a lán áiteanna a dtugann daoine cuairt orthu go tráthrialta (amhail áiteanna siopadóireachta, scoileanna, bialanna, agus seirbhísí liachta). Dá bhrí sin, gabhann rochtain níos fearr ar a lán cineálacha deiseanna le rochtain níos fearr ar phoist.***

- **Bheadh níos mó ná 90% de chónaitheoirí an limistéir staidéir in ann níos mó post a rochtain laistigh de 45 nóiméad.**

# Léarscáil den Rochtain Mhéadaithe ar Phoist ar Laethanta le linn na Seachtaine


**Leis an Dréacht-Ghréasán Nua, chuirfí feabhas mór ar na poist a d'fhéadfadh cónaitheoirí a rochtain laistigh de 45 nóiméad ar laethanta le linn na seachtaine.**

D'fhéadfadh 92% de chónaitheoirí iompar poiblí a úsáid chun níos mó post a rochtain ná mar atá amhlaidh i gcás na seirbhíse atá ann cheana.

D'fhéadfadh 7% díobh líon cosúil post a rochtain.

D'fhéadfadh 1% díobh líon níos lú post a rochtain.

D'fhéadfadh an cónaitheoir airmheánach 5,700 post níos mó a rochtain, arb ionann é agus méadú 29%.



# Léarscáil den Rochtain Mhéadaithe ar Phoist ar an Domhnach


**Leis an Dréacht-Ghréasán Nua, chuirfí feabhas mór ar na poist a d'fhéadfadh cónaitheoirí a rochtain laistigh de 45 nóiméad ar an Domhnach.**

D'fhéadfadh 95% de chónaitheoirí iompar poiblí a úsáid chun níos mó post a rochtain ná mar atá amhlaidh i gcás na seirbhíse atá ann cheana.

D'fhéadfadh 3% díobh líon cosúil post a rochtain.

D'fhéadfadh níos lú ná 1% díobh líon níos lú post a rochtain.

D'fhéadfadh an cónaitheoir airmheánach 8,800 post níos mó a rochtain, arb ionann é agus méadú 47%.



# Conas Foghlaim faoin Dréacht-Ghréasán Nua

## Sa Tuarascáil seo

Níl sa Tuarascáil seo ach foinse faisnéise amháin faoin Dréacht-Ghréasán Nua. Gheobhaidh tú na nithe seo a leanas laistigh den Tuarascáil seo:

- **Na prionsabail a úsáideadh le linn an gréasán bus a dhearadh, ag tosú ar leathanach 21.**
- **Forbhreathnú ar an ngréasán bus atá ann cheana a fhreastalaíonn ar Chathair Luimnigh agus a bruachbhailte, ag tosú ar leathanach 38.**
- **Forbhreathnú ar na tosca déimeagrafacha agus timpeallachta tógtha i Luimneach atá ábhartha don éileamh ar sheirbhís iompair phoiblí agus an gá léi a thuiscint, ag tosú ar leathanach 51.**
- **Forbhreathnú ar an Dréacht-Ghréasán Nua atá beartaithe, ag tosú ar leathanach 73.**
- **Anailís ar na hathruithe a thiocfadh ar rochtain cónaitheoirí ar phoist agus ar scoileanna mar thoradh ar an Dréacht-Ghréasán Nua, ag tosú ar leathanach 89.**

## Uimhreacha Bealaigh Nua

Tá uimhir nua ag gach ceann de na bealaí sa Dréacht-Ghréasán Nua. Tá ainm nua orthu freisin.

Baineadh úsáid as uimhreacha úrnua ar mhaithe le mearbhall a sheachaint le linn na rannpháirtíochta poiblí, áit ar chuir daoine na bealaí atá ann cheana i gcomparáid leis na bealaí beartaithe nua.

Tá seans ann nach mbeidh na huimhreacha bealaigh atá curtha i láthair anseo ar na huimhreacha bealaigh deiridh a úsáidfear nuair a bheidh an gréasán nua curtha chun feidhme.

*Tá uimhir nua ag gach bealach sa Dréacht-Ghréasán Nua!*

## Léarscáil ar Líne

Chun a iniúchadh cén difear a dhéanfadh an Dréacht-Ghréasán Nua do do limistéar agus do do thurais féin, tabhair cuairt ar an léarscáil ar líne ag visit: https://limerickdraftnetwork.s3.amazonaws.com/index.html

Is féidir leat an léarscáil ar líne a úsáid chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- **Zúmáil isteach chun an leagan amach mionsonraithe bealaí a fheiceáil.**
- **Féachaint ar bhailte ar fud an Chontae (atá deacair a léiriú ar na leathanaigh bheaga seo).**
- **A fheiceáil cén t-athrú a thiocfadh ar an meánrochtain ar phoist i do limistéar.**
- **“Iseacrón” a chruthú, rud ina gcuirtear na háiteanna a bhféadfá taisteal chucu laistigh de thuras 30 nóiméad nó 45 nóiméad tríd an ngréasán atá ann cheana nó tríd an Dréacht-Ghréasán Nua i gcomparáid lena chéile.**

*Tabhair d’aiseolas dúinn trí www.busconnects.ie/limerick*

# 2 Prionsabail Iompair Phoiblí agus Athdheartha Gréasáin

# Cad is Cúis le Gréasán Úsáideach?

Is í **rochtain ar dheiseanna**, mar atá tuairiscithe ar na leathanaigh roimhe, an dóigh ar féidir le dearadh an ghréasáin iompair phoiblí difear a dhéanamh do **phátrúnacht**.

Is ann do mhórán tosca a dhéanann difear do phátrúnacht agus nach bhfuil baint ar bith acu le rochtain ná le dearadh an ghréasáin iompair phoiblí, amhail praghsanna breosla, an geilleagar, praghas an turais i gcarr ar fruiliú agus an costas a bhaineann le carr a cheannach nó a léasú.

Sa tuarascáil seo, dírímid ar na tosca **AR FÉIDIR LEIS** an Údarás agus comhpháirtithe i Luimneach difear a dhéanamh dóibh. Suíonn na tosca sin an méid is féidir le gréasán iompair phoiblí bheith úsáideach agus, ar an mbealach sin, rannchuidiú le torthaí pátrúnachta:

- **Minicíocht agus uaireanta seirbhíse.**
- **Na naisc i measc seirbhísí iompair phoiblí, agus a úsáidí atá an gréasán ar fad.**
- **Pátrúin úsáide talún agus forbartha.**
- **Dearadh, achar agus insiúltacht na sráideanna.**
- **Déimeagrafaic, agus cén áit a bhfuil daoine a bhfuil riachtanais ar leith acu lonnaithe.**

***Tá gréasán dea-nasctha ina ghné thábhachtach d'ardphátrúnacht. Ní mór do bhealaí nascadh lena chéile chun gur féidir le daoine a lán ceann scríbe a shroicheadh gan cómhalartú atá doiligh nó costasach a dhéanamh.***

# Minicíocht

Ceann de na dóigheanna is fearr ar féidir rochtain a mhéadú ar fud gréasáin is ea agaí feithimh a ghiorrú tríd an minicíocht a fheabhsú.

Mar thoradh ar sheirbhís níos minice:

- **Laghdaítear an t-aga feithimh (agus an t-aga taistil foriomlán dá bharr).**
- **Cumasaítear duit taisteal nuair is mian leat.**
- **Feabhsaítear an iontaofacht, toisc go mbeidh bus eile ag teacht roimh i bhfad má chailleann tú do bhus nó má bhriseann sé anuas.**
- **Bíonn an cómhalartú (idir dhá sheirbhís mhinice) gasta agus iontaofa.**

I gcás go bhfeabhsófar an mhinicíocht in áiteanna a bhfuil líon ard cónaitheoirí, post agus deiseanna eile iontu, feabhsófar an rochtain do mhórán daoine.

Méadaíonn an mhinicíocht níos fearr an acmhainneacht ardphátrúnachta, ach ní leor í ina haonar chun ardphátrúnacht a chruthú.

## Cé chomh Minic is atá Minic go Leor?

I gcathracha beaga amhail Luimneach, is measartha gearr a bhíonn turais daoine de ghnáth. Ní mór an t-iompar poiblí a bheith an-mhinic le haghaidh turais ghearra, ós rud é gur féidir leis an aga feithimh bheith níos giorra ná an t-aga turais ar an mbus.

Chun smaoineamh ar cé acu atá nó nach bhfuil aon mhinicíocht "minic go leor", smaoinigh ar a bheith ag feitheamh ar feadh leathchuid den mhinicíocht (ós rud é go ndéanfaidh tú amhlaidh, ar an meán) agus fiafraigh díot féin an bhféadfá cur suas le haga feithimh chomh fada sin mar chuid de ghnáth-thuras lae.

Is féidir a mheas nach mbaineann tábhacht le minicíocht ós rud é nach gá d'aon duine feitheamh le bus a thuilleadh, toisc faisnéis fíor-ama faoi theacht busanna a bheith ar fáil ar fhóin daoine. Dá bhrí sin, ní fadhb í más rud é nach dtagann bus ach uair amháin in aghaidh an chloig, toisc go bhfeicfidh tú ar d'fhón cén uair ba cheart duit siúl chuig an stad.

D'ainneoin na teicneolaíochta nua sin, baineann ríthábhacht leis an minicíocht fós ar na cúiseanna seo:

- **Ní bhíonn ort feitheamh i dtús do thurais amháin – bíonn ort feitheamh ag deireadh an turais freisin. Is féidir nach mbeidh aga fada feithimh agat agus tú ag an stad ach, má thagann do bhus ar bhonn ainmhinic, is féidir go mbeidh ort a roghnú cé acu a bheidh tú ríluath nó a bheidh tú rómhall.**
  - o Mar shampla, más rud é go dtosaíonn tú an obair ag 8:00 am agus nach dtéann an bus thar d'ionad oibre ach amháin ag 7:10 am agus ag 8:10 am, is gá duit a roghnú cé acu a bheidh tú ar an obair 50 nóiméad roimh an am tosaithe nó 10 nóiméad ina dhiaidh. Cheannódh a lán daoine rothar nó carr chun rudaí mar sin a sheachaint.
- **Ní ligeann an-chuid de na háiteanna a dtaistealaíonn daoine chucu dóibh fanacht go dtí go dtagann an chéad bhus eile. Is féidir go mbeidh tú in ann an t-am a fhágann tú an baile a uainiú de réir an sceidil bus, ach ní bhíonn an deis ag ach roinnt bheag daoine a chinneadh cén t-am a thagann a seal oibre chun deiridh, gan trácht ar an am a chríochnaíonn taispeáint scannáin sa phictiúrlann ná ar an am a thagann coinne dochtúra chun deiridh.**

Ní fhágann an fhaisnéis teachta fíor-ama go mbeidh an bus níos iontaofa. Is féidir leat a fheiceáil ar d'fhón cén uair atá do bhus ag teacht, ach ní féidir leis a chinntiú nach mbeidh fadhb ag do bhus agus go mbeidh moill air. Ní féidir ach leis an minicíocht an cineál sin iontaofachta a thairiscint. Ciallaíonn minicíocht go mbíonn bus eile ag teacht roimh i bhfad i gcónaí.

***Bíonn gréasán ardphátrúnachta úsáideach don chuid is mó de dhaoine. Agus bíonn deifir ar an gcuid is mó de dhaoine.***

***Dá ghiorracht a dturas is ea is lú a chuireann daoine suas le haga fada feithimh.***

# Fad, Luas agus Costas na Minicíochta

Laistigh de bhuiséad teoranta iompair phoiblí, tá comhbhabhtáil ann idir bealaí níos faide agus minicíochtaí níos airde.

Ní chiallaíonn sé sin go bhfuil gréasán ardmhinicíochta comhdhéanta ina iomláine de bhealaí gearra. Ciallaíonn sé, áfach, gurb amhlaidh, de réir mar a leathnaíonn córas chun freastal ar limistéir nua, is gá infheistíocht a dhéanamh i níos mó feithiclí agus níos mó tiománaithe a íoc chun ardmhinicíocht a choinneáil ar bun. Dá mhéad duine a bhfreastalaíonn bealach orthu in aghaidh an chiliméadair is ea is dóchúla gur féidir leis an soláthraí iompair phoiblí údar a thabhairt leis an infheistíocht sin.

Tá ag luasanna níos moille an éifeacht chéanna is atá ag achair níos faide. Má thógann sé a dhá oiread ama chun freastal ar an aon bhealach amháin ná mar a thógadh sé deich mbliana ó shin, teastaíonn ón ngníomhaireacht iompair a dhá oiread busanna agus a dhá oiread tiománaithe chun an mhinicíocht chéanna a choinneáil ar bun.

De réir mar a mhoillíonn an t-iompar poiblí, méadaíonn an costas a bhaineann le hé a oibriú. Is féidir le soláthraí iompair phoiblí minicíochtaí a laghdú nó cistiú breise a sholáthar, ar cistiú é a d'fhéadfaí a úsáid ar shlí eile chun an tseirbhís a fheabhsú in ionad seirbhís níos moille a oibriú ar chostas níos airde.



Is féidir le bus amháin seirbhís gach 30 nóiméad a sholáthar thar achar gearr...



...ach ciallaíonn achar atá dhá oiread níos faide go laghdaíonn an mhinicíocht faoina leath. Fágann sé sin go dtagann an bus gach 60 nóiméad.

De réir mar a theann na bealaí níos faide, téann a minicíocht in olcas, nó ní mór don ghníomhaireacht iompair níos mó airgid a chaitheamh chun busanna agus tiománaithe a chur leis an mbealach.

## Minicíocht, Luas agus Tosaíocht Bus

Tá an nasc idir luasanna agus costais oibriúcháin ar an gcúis a bhfuil **tosaíocht bus** chomh tábhachtach sin do rath an iompair phoiblí i gcathair atá ag fás ar nós Luimnigh.

Ní hé amháin go gcabhraíonn na bearta lena gcosnaítear busanna ar thionchair an phlódaithe tráchta le paisinéirí taisteal ar shlí níos gasta, ach cabhraíonn siad le minicíochtaí caoithiúla seirbhíse a choinneáil ar bun freisin.

***I gcás go moilleofar an t-iompar poiblí de bharr an phlódaithe, éiríonn sé níos costasaí é a oibriú. Ídíonn sé sin cistiú a d'fhéadfaí a chaitheamh ar shlí eile ar an tseirbhís a fheabhsú.***

# Seirbhísí Gathacha vs. Cuarsheirbhísí

Ba cheart gréasán iompair phoiblí a bheith níos fearr ná a bhealaí aonair le chéile. Ní féidir le bealach amháin daoine a thógáil ach chuig líon áirithe áiteanna. Má bhíonn naisc ag an mbealach sin lena lán línte eile, áfach, beifear in ann i bhfad níos mó áiteanna a shroicheadh.


Is gréasán **ríghathach** é gréasán iompair phoiblí Luimnigh: nascann na línte uile lena chéile i Lár na Cathrach. Tagann sé sin le cruth na cathrach: téann na mórbhóithre dromchla uile i dtreo Lár na Cathrach, atá ar an mol gníomhaíochta is fearr fós, agus faoi chorrlach suntasach.

I ngréasán atá gathach ar fad, is sa lár a nascann gach bealach le gach bealach eile; ní theastaíonn ach cómhalartú amháin chun gach pointe sa chóras a shroicheadh. Ós rud é go bhfuil fás tagtha ar mhéid Luimnigh, áfach, bítear ag tógáil níos mó turas idir láithreacha forimeallacha, agus is mór an dua in amanna é taisteal tríd an lár.

D'fhéadfaí an fhadhb sin a réiteach trí **chuarbhealaí** a sholáthar, toisc go gcumasaíonn siad taisteal traschathrach gan dul tríd an lár. Tá teorainn mhór ann leis an acmhainneacht le haghaidh cuarbhealaí bus, áfach, de dheasca na heaspa bóithre atá ar fáil i Luimneach. Ní ann ach do dhá chuarbhóthar shuntasacha, agus ní ghabhann le ceachtar acu dálaí inmharthana oibriúcháin le haghaidh busanna ag an am seo.

Nascann Bóthar Childers na fobhailte theas agus thoir, agus taisteal díreach á chumasú idir Ollscoil Luimnigh agus Ospidéal Ollscoile Luimnigh. Bíonn plódú tráchta ann ar an mbóthar sin go minic, áfach, agus tá aige crosaire comhréidh amháin ar a laghad ag a bhfuil líne iarnróid a d'fhéadfaí a ghníomhachtú sa todhchaí.

D'fhéadfadh mótarbhealaí an N18 agus an M7 a bheith ar an gconair fhéideartha eile le haghaidh cuarsheirbhíse. Cé gur bóithre gasta iad na bóithre sin, ní éascaíonn siad seirbhís uirbeach bus. Ní féidir le busanna paisinéirí a bhailiú ná iad a thuirlingt ar mhótarbhealaí. Dá bhrí sin, bheadh an phátrúnacht ag brath go hiomlán ar na limistéir atá ar an dá thaobh den bhealach. Ina theannta sin, ní ann ach do líon an-bheag pointí ónar féidir an mótarbhealach a rochtain. Mar thoradh air sin, is féidir go dtógfaidh a lán turas níos mó ama dáiríre, fiú má thaistealaíonn an bus níos gasta feadh an bhealaigh.




**Taistealaíonn bealaí gathacha bus idir Lár na Cathrach agus na bruachbhailte.** Is bealaí gathacha iad na bealaí bus uile atá ann cheana i Luimneach, agus iad ag leanúint na bpríomhbhóithre isteach sa bhaile agus amach as.

**Taistealaíonn cuarbhealaí bus idir bruachbhailte.** Is féidir leas a bhaint astu sin chun cinn scríbe fho-uirbeacha a nascadh. Mar sin féin, teastaíonn cuarbhóithre in aice mórán daoine agus áiteanna ó chuarbhealaí.

# Naisc nó Castacht?


Tá comhbhabhtáil ann idir cómhalartú agus castacht, a thagann as matamaitic agus geoiméadracht shimplí an iompair. Dá mhéad atá gréasán iompair phoiblí deartha chun cómhalartú a sheachaint is ea is casta a bheidh sé agus is ea is measa a bheidh minicíocht a lán bealaí.

Is léir gurbh fhearr linn go léir turas aon suíocháin a thógáil ná feitheamh le bus eile. Chuirfeadh sé sin brú ollmhór ar an tseirbhís, áfach, agus ní bheadh an tseirbhís chomh húsáideach céanna dá bharr sin.


Léirítear sa léaráid ar dheis an dóigh a n-éascaítear minicíochtaí níos fearr, iontaofacht níos fearr agus agaí turais níos giorra ar an iomlán nuair a dheartar gréasán le haghaidh roinnt cómhalartaithe.

Tá an gréasán ag an mbarr comhdhéanta de bhealaí díreacha, ceann amháin ó gach ceann de thrí chomharsanacht chuig gach ceann de thrí mhórchinn scríbe. Tá naoi mbealach san iomlán ann. Tá drochmhinicíochtaí ann, áfach, toisc nach n-oibríonn ach dhá bhus na bealaí sin. Cé go bhfaigheann daoine atá ag taisteal ón mbaile go lár na cathrach turas díreach, ní féidir leo imeacht nuair is mian leo. Ina ionad sin, is gá dóibh a n-imeacht a uainiú de réir an sceidil bus. Má chailleann siad a mbus, beidh aga fada feithimh acu go dtí go dtiocfaidh an chéad cheann eile.

## Bealaí Díreacha, Ardchastacht




## Naisc, Ísealchastacht



Nascann an gréasán ag an mbun na sé áit chéanna lena chéile, ach úsáideann sé líon níos lú bealaí. Is fearr i bhfad an mhinicíocht a thairgeann gach bealach. Chun go mbeifear in ann an tseirbhís ardmhinicíochta sin a sholáthar, ní mór í a dhearadh le haghaidh cómhalartú a bheith ann do roinnt turas. Is cómhalartuithe gasta iontaofa iad sin freisin, áfach, a bhuí leis na hardmhinicíochtaí.

Sa ghréasán ag an mbun, is féidir le daoine atá ag taisteal ón mbaile chuig lár na cathrach imeacht ag an am ceart dá seal oibre, toisc go mbíonn bus ag teacht chucu go luath i gcónaí. Ní gá dóibh dul chuig an obair go róluath de bharr an sceidil bus. Beag beann ar an gcómhalartú, fiú, caitheann siad méid ama níos lú ag feitheamh leis an mbus agus in áiteanna nach gá dóibh a bheith iontu.

Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil an costas céanna ag baint leis an dá ghréasán sin a oibriú.

Fiú i gcás an mhéadaithe shuntasaigh ar sheirbhís a shamhlaítear le BusConnects Luimnigh, beidh teorainn íseal ann leis an líon bealaí ar féidir leo oibriú de réir ardmhinicíochta, má tá sé fós tábhachtach cómhalartú a sheachaint.

# Cómhalartú i Luimneach

Bíonn ag méadú ar an líon mórcheann scríbe i limistéir fhorimeallacha de Chathair Luimnigh agus ina bruachbhailte. Is ann freisin d'easpa conairí inmharthana ó bhruachbhaile go bruachbhaile le haghaidh busanna.

Ciallaíonn sé sin **nach féidir a sheachaint go rachaidh a lán turas trí Lár Cathrach Luimnigh, rud nach mór dó feidhmiú mar phointe cómhalartaithe inmharthana idir roinnt bealaí bus.**

Chun leibhéal cómhalartaithe níos airde a éascú, áireofar le BusConnects Luimnigh deireadh a chur le táillí cómhalartaithe. Is gá cómhalartú a eagrú chun agaí feithimh a íoslaghdú freisin. Is féidir é sin a dhéanamh ar dhá shlí.

## Córais Ailínithe

I gcás go mbeidh na bealaí neamh-mhinic (e.g., idir gach 30 nóiméad agus gach 60 nóiméad), is é an tslí is fearr ar féidir naisc a éascú ná "córas ailínithe" a chruthú. Is é atá i gceist leis sin ná pointe nasctha mar a mbuaileann na busanna uile le chéile ag an aon am amháin agus mar a bhfanann siad le chéile ar feadh cúpla nóiméad.

Is féidir le daoine aistriú ina measc gan ach aga gearr iontaofa feithimh a bheith acu, in ionad déileáil leis na hagaí an-fhada feithimh a tharlódh go cinnte dá mbeadh naisc randamacha ann. Is córas coitianta i mbailte beaga é an cineál sin córais.

Chun go n-éireoidh le córais ailínithe, is gá go mbeidh busanna in ann teacht in am ar bhonn rí-iontaofa. Bíonn sé doiligh córais ailínithe a choinneáil ar bun i dtrácht atá plódaithe nó neamhiontaofa.

Laghdaíonn an riachtanas le córais ailínithe de réir mar a éiríonn an tseirbhís níos minice, áit a mbeidh an chéad bhus eile ag teacht i gceann cúpla nóiméad ag aon am ar leith.

## Naisc Mhinice

I gcásanna nach féidir córais atá ailínithe a sholáthar nó nach fearr iad a sholáthar, is é an tslí is fearr ar féidir naisc a éascú ná iad a dhéanamh compordach agus iad a sholáthar go minic. **Dá mhéad an mhinicíocht a oibríonn gach bealach atá i gceist le cómhalartú is ea is lú an méid ama a chaithfidh paisinéirí ag feitheamh leis an dara bus.**

Is argóint í sin ar son an tseirbhís bus a chomhchruinniú isteach sa líon is lú bealaí is gá chun gach cuid den chathair a nascadh agus ar son gach bealach a oibriú chomh minic agus is féidir. **Is é sin an cur chuige a chuirtear ar aghaidh sa Dréacht-Ghréasán Nua.**

# Tionchar na Timpeallachta Tógtha ar an Iompar Poiblí

Is féidir le soláthraithe iompair phoiblí níos mó pátrún a mhealladh trí sheirbhís atá úsáideach do níos mó daoine a thairiscint.

Mar sin féin, tá tionchar ollmhór ag úsáid talún agus ag dearadh sráideanna ar an líon daoine is féidir le seirbhís a shroicheadh agus ar an gcostas atá i gceist léi.

Is ann do chúig thoisc úsáide talún lena dtugtar le fios go mór go bhfuil acmhainneacht ardphátrúnachta ann:

- **Dlús,**
- **Insiúltacht,**
- **Líneacht,**
- **Leanúnachas, agus**
- **Meascán Úsáidí.**

Tá tuairisc le fáil ar na leathanaigh seo a leanas ar an dóigh a ndéanann na tosca sin difear do phátrúnacht iompair phoiblí. Tugtar na samplaí léiritheacha ó Luimneach.

## Dlús

Tá ard-dlús gníomhaíochtaí ag áit ina bhfuil a lán cónaitheoirí, fostaithe, siopadóirí, mac léinn agus custaiméirí.

Tá dhá bhealach bus chomhionanna le feiceáil ar an ngrafaic ar dheis. Tá an bealach ag an mbarr ag taisteal i limistéar ina bhfuil a dhá oiread tithe is atá an bealach ag an mbun.

Má fhanann rudaí mar atá, beidh an bealach ag an mbarr úsáideach do níos mó daoine ar an gcúis bhunúsach go mbíonn níos mó daoine ag taisteal isteach sa limistéar agus amach as.

Is i Lár na Cathrach, agus faoi chorrlach suntasach, atá na dlúis is airde cónaitheoirí agus ceann scríbe i Luimneach.

Neartaíonn sé sin an argóint ar son seirbhís bus a eagrú timpeall Lár na Cathrach, toisc gurb é an mealltóir taistil laethúil is mó agus an fhoinse taistil laethúil is mó araon é.

***Cá mhéad duine, post agus gníomhaíocht atá gar do gach stad?***



+ Is ann do mhórán daoine agus post laistigh d'achar siúil ó stadanna iompair phoiblí.



– Is ann do líon níos lú daoine agus post laistigh d'achar siúil ó stadanna iompair phoiblí.

## Insiúltacht

Chun bealach bus a úsáid, ní mór do dhaoine bheith ábalta dul chuig an stad, agus tosaíonn formhór mór na bpátrún a dturas trí thaisteal de shiúl na gcos.


Déanann an gréasán sráideanna, na cosáin agus na pointí trasnaithe atá timpeall ar stad bus difear don líon daoine atá sásta agus ábalta siúl chuig an stad.

Má tá gréasán sráideanna dínasctha, is féidir go mbeidh an stad bus ar phríomhbhóthar lonnaithe in áit atá measartha fada ar shiúl trí thaisteal de shiúl na gcos, cé go bhfuil sé gar i líne dhíreach trasna na tíre. Mar thoradh air sin, ní bheidh sé úsáideach ach do líon measartha íseal daoine.

Ag trasrianta móra bóthair agus ag timpealláin, is minic a bhíonn stadanna bus lonnaithe i bhfad ar shiúl ón acomhal. Cuireann sé sin achar breise leis an tsiúlóid chuig aon phointe ar an tsráid thrasnaithe.

***An bhfuil sé furasta siúl idir an stad agus na gníomhaíochtaí in aice láimhe?***

+



Is ionann an ponc i lár na gciorcal seo agus stad iompair, agus is ga 400 méadar é an ciorcal.

-



Tá an limistéar ar fad laistigh de 400 méadar ar fad, ach níl ach na sráideanna dubha laistigh de thuras 400 méadar de shiúl na gcos.



+

Ní mór é a bheith sábháilte an tsráid a thrasnú ag stad. Is gnách go dteastaíonn na stadanna ar an dá thaobh chun taisteal dhá threo a chinntiú!

## Líneacht


Suíonn cé na háiteanna go díreach a gceadaítear forbairt iontu cé chomh líneach agus chomh díreach is atá na bealaí féideartha iompair phoiblí.

Ar an léaráid ar dheis, tá cinn scríbe atá ailínithe ar dhá dhóigh dhifriúla le feiceáil. Sa bhaile ag an mbarr, tá na cinn scríbe lonnaithe ar an bpríomhbhóthar. Is féidir leis an iompar poiblí freastal ar na cinn scríbe uile i líne dhíreach. Má tá tú ag taisteal tríd an limistéar seo, beidh tú ag taisteal i dtreo do chinn scríbe an t-am ar fad agus ní mhothóidh tú choíche go bhfuil tú do do thabhairt as an mbealach.

Tá na ceithre cinn scríbe chéanna ag an mbaile ag an mbun, ach thug sé cead dóibh tógáil i bhfad ar shiúl ón bpríomhbhóthar. Chun freastal ar na háiteanna sin, is gá do bhus tiomáint amach ón bpríomhbhóthar, dul chuig an doras tosaigh, agus ansin tiomáint ar ais chuig an bpríomhbhóthar. Más é sin do cheann scríbe, oirfidh sé sin go foirfe duit. Má tá tú ag taisteal chuig áiteanna eile, áfach, beidh tú do do thabhairt as an mbealach agus beidh do thuras níos faide.

Tarlóidh na malairtí slí sin freisin má tá bóthar róchontúireach do dhaoine trasnú de shiúl na gcos. Cineál costasach seirbhíse trasnaithe coisithe is ea dul na mbusanna ar mhalairt slí.

***An féidir leis an iompar poiblí oibriú i línte measartha díreach?***




***Is féidir le drochnascacht sráideanna a bheith mar chúis le bealaí bus a théann ar mhalairt slí isteach in eastáit. Réitíonn sé sin fadhb na hinsiúltachta, ach fágann sé go bhfuil an bealach ina bhealach indíreach do phátrúin agus go bhfuil sé costasach le hoibriú.***

Forbraíodh an chuid is mó de limistéir i Luimneach mar chonairí líneacha, toisc gur tháinig fás ar an gcathair feadh na mbóithre atá ag teacht amach as Lár na Cathrach.

An eisceacht is suntasaí is ea Ollscoil Luimnigh, a bhfuil a príomhfhoirgnimh lonnaithe roinnt céadta méadar lastuaidh de Bhóthar Pháirc Plassey. Mar thoradh air sin, téann busanna atá ag freastal ar Bhóthar Pháirc Plassey ar mhalairt slí fhada isteach i gcampas na hOllscoile. Léirítear é sin ar an íomhá ón aer ar dheis, áit a léirítear an príomhphatrún de thrácht bus mar líne mhaigeanta.

Oireann an mhalairt slí sin d'aon duine atá ag taisteal chuig an Ollscoil agus amach aisti. Maidir le haon daoine atá ag taisteal idir Lár na Cathrach agus na limistéir atá lonnaithe i dtreo an oirthir, áfach, cailleann siad an t-am a chaitear ag dul ar mhalairt slí isteach i lár an champais.



## Leanúnachas


Maidir leis an iompar poiblí, is toisc ríthábhachtach taobh thiar de chostas na seirbhíse é achar.

Dá mhéad an t-achar is gá d'oibritheoir iompair phoiblí tiomáint chun freastal ar 100 pátrún is ea is ísle an líon pátrún ar féidir leis freastal orthu laistigh d'aon bhuiséad oibriúcháin ar leith.

Ar an gcúis sin, ginfear pátrúnacht níos airde, i gcoibhneas le costais, ó na háiteanna ina bhfuil dlús leanúnach agus gníomhaíochtaí leanúnacha feadh bóthair.

Is costasaí áiteanna atá achar fada ar shiúl a nascadh ná áiteanna atá in aice láimhe a nascadh agus, mar atá tuairiscithe ar leathanach 16, teastaíonn níos mó caiteachais nó minicíochtaí níos ísle ó bhealaí fada.

***An gá don iompar poiblí bearnaí fada a thrasnú?***



\+ Tá achair ghearra idir a lán ceann scríbe níos gasta agus tá sé níos fusa freastal orthu.



\- Ciallaíonn achair fhada idir cinn scríbe gurb airde an costas in aghaidh an phátrúin.


Tháinig forbairt ar roinnt bruachbhailte ar imeall Luimnigh ar shlí neamhleanúnach.

Is féidir é sin a fheiceáil go soiléir in áiteanna amhail an Pairtín agus Ard na Croise go háirithe. Tháinig forbairt orthu i bhfad ar shiúl ó na limistéir fhoirgnithe is gaire i mBruach na Sionainne agus in Westbury, ach tá siad chomh nasctha le Cathair Luimnigh ón taobh eacnamaíoch de agus atá aon bhruachbhaile eile.

Mar thoradh air sin, is amhlaidh, i gcoibhneas leis an líon dóchúil pátrún a mbeadh sí úsáideach dóibh, a bheadh sé costasach seirbhís bus a sholáthar do na limistéir sin.

Is é sin an fáth nár sholáthair Bealach 313 seirbhís ach roinnt bheag uaireanta sa lá go traidisiúnta agus nach bhfuil sé beartaithe sa Dréacht-Ghréasán Nua ach seirbhís amháin in aghaidh na huaire a sholáthar ar Bhealaí 13 agus 14.

Is Ionnaithe achar fada ar shiúl ó na chéad bhruachbhailte is gaire eile atá na limistéir a bhfreastalaíonn Bealaí 13 agus 14 atá beartaithe orthu.



## Meascán Úsáidí


Déanann an meascán úsáidí feadh bóthair difear don líon pátrún is féidir leis an iompar a mhealladh, i gcoibhneas leis an gcostas. Is gnách go ngineann meascán úsáidí pátrúnacht sa dá threo ag a lán amanna den lá agus den tseachtain.

Is gnách go ndéantar an t-iompar i limistéir atá cónaithe ar fad a úsáid i dtreo amháin den chuid is mó – amach ó na tithe cónaithe agus i dtreo na bpost – agus gurb airde i bhfad an úsáid a bhaintear as ag buaic-amanna.


Is ann do thrí dhóigh ar féidir le patrúin forbartha úsáide measctha tacú le hiompar táirgiúil:

- **Is féidir le feithiclí bheith lán sa dá threo, in ionad iad a bheith folamh leath an ama.**
- **Más rud é go dtéann daoine ar bord agus go dtuirlingíonn siad ag áiteanna feadh an bhealaigh, úsáidfear an bealach le haghaidh a lán turas gearr. Is úsáideach do lear daoine a bhíonn gach suíochán ar an bhfeithicil.**
- **Is féidir le feithiclí bheith lán an lá ar fad agus an tseachtain ar fad. Dá bhrí sin, is ag tacú le níos mó pátrún ar an iomlán atá an costas a bhaineann leis na feithiclí a cheannach agus a chothabháil.**

***An mbíonn daoine ag taisteal sa dá threo an lá ar fad?***



+ Fágann meascán úsáidí talún go n-úsáidtear busanna sa dá threo ag níos mó amanna den lá agus den tseachtain.



- Is gnách go líontar i dtreo amháin an t-iompar nach bhfreastalaíon ach ar limistéir chónaithe agus nach líontar é sa treo eile.

# 3 An Gréasán Bus atá ann cheana

# Struchtúr an Ghréasáin atá ann cheana

Ar na grafaicí agus na léarscáileanna ar na leathanaigh seo a leanas, léirítear stíl a úsáidtear ar fud na tuarascála seo, áit a **seasann dathanna bealaigh don mhinicíocht**.

Seasann **dearg** do sheirbhís mhinic, áit a dtagann bus gach 15 nóiméad nó níos minice ag meán lae ar laethanta le linn na seachtaine, agus seasann **dúdhearg** do sheirbhís a thagann gach 10 nóiméad nó níos minice.

Seasann **corcra** do bhealaí a thagann gach 20 nóiméad. Tagann bealaí **dúghorma** gach 30 nóiméad agus tagann bealaí **bánghorma** gach 60 nóiméad.

## Na Limistéir a bhFreastalaítear orthu

Cumhdaítear a lán codanna de limistéar uirbeach Luimnigh leis an ngréasán bus atá ann cheana.

Is iad Bealaí 303 agus 304 na bealaí is minice, agus seirbhís á soláthar gach 15 nóiméad le linn am lae ar laethanta le linn na seachtaine agus ar an Satharn. Nascann siad roinnt ceann scríbe, lena n-áirítear Lár na Cathrach, Ollscoil Luimnigh, Ospidéal Ollscoile Luimnigh, roinnt mórionad siopadóireachta agus a lán limistéar cónaithe, amhail Tuar an Daill, Ascaill Uí Chonaill, Sráid Mulgrave, Páirc Uí Mháille, Páirc Sheáin Carew, Baile an Róistigh, Baile Uí Neachtain agus Maigh Rois.

Nascann Bealach 302 Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Maoilis, agus Cathair Dháibhín le Lár na Cathrach gach 20 nóiméad.

Freastalaíonn Bealaí 301, 304A agus 310 gach 30 nóiméad ar limistéir ar limistéir chónaithe iad den chuid is mó amhail Bruach na Sionainne, Westbury, Bóthar an Chorrbhaile, Bóthar de hÍde, Bóthar an Athar Ruiséil, Bóthar na Grúdan, Móin an Lín agus Caladh an Treoigh. Freastalaíonn Bealaí 305, 305A agus 306 ar Gharraí Eoin, ar Oileán an Rí agus ar chodanna de Mhaigh Rois agus de Bhaile Uí Neachtain freisin, agus seirbhís in aghaidh na huaire á soláthar acu.

## Na Limistéir nach bhFreastalaítear orthu

Níl seirbhís uirbeach bus faoi láthair ag roinnt codanna de limistéar uirbeach Luimnigh. Ní fhreastalaíonn ach Bealach 343 go Sionainn agus go dtí an Inis ar Bhóthar na hInse. Is bealach idirchathrach a oibríonn in aghaidh na huaire é sin. Níl aon seirbhís thráthri-alta ag Bóthar an Duga.

Is limistéar an-fhorbartha é an limistéar idir Bóthar Bhaile Átha Cliath agus Bóthar an Chorrbhaile. Tá a lán constaicí fisiciúla ann a chuireann bac ar sheirbhís úsáideach bus a sholáthar ansin, áfach. Ar na limistéir eile nach bhfuil aon seirbhís acu tá an Campas Thuaidh d'Ollscoil Luimnigh agus na forbairtí nua in aice Mhungairit agus Bhóthar Mhuileann na Fola.


## Seirbhís trí Lár na Cathrach

Freastalaíonn na bealaí uile i ngréasán Luimnigh ar Lár na Cathrach. Tagann roinnt bealaí chun deiridh ansin. Mar sin féin, téann an chuid is mó de bhealaí tríd an gcathair agus taistealaíonn siad trasna na cathrach.

Mar atá pléite ar leathanach 25, tugtar **seirbhís ghathach** ar an gcineál sin seirbhíse. Luíonn sé le ciall go mbeadh gréasán gathach le fáil i Luimneach toisc go bhfuil daoine agus gníomhaíochtaí rí-chomhchruinnithe i Lár na Cathrach, agus bíonn daoine in ann cómhalartú idir roinnt bealaí toisc lárphointe amháin a bheith ann.

Ina theannta sin, is é cómhalartú idir bealaí gathacha minice sa Lár an rogha is gasta le haghaidh turais traschathrach, de bharr Luimneach a bheith chomh beag sin agus de bharr na mbacainní oibríochtúla atá ann ar an líon beag cuarbhóithre atá ar fáil.

# Léarscáil den Ghréasán atá ann cheana



# Minicíochtaí agus Uaireanta Seirbhíse atá ann cheana

## Minicíochtaí agus Uaireanta Seirbhíse (Raon)

Léirítear sa ghrafaic dhathannach ar an gcéad leathanach eile cén uair a thairgeann gach bealach sa ghréasán limistéir uirbigh seirbhís ar laethanta le linn na seachtaine. Is comhionann, beagnach, atá an tseirbhís a thairgtear ar laethanta le linn na seachtaine agus an tseirbhís a thairgtear ar an Satharn, agus cuirtear i láthair iad le chéile[1].

Tá gach ceann d'uaireanta an chloig códaithe de réir datha ar bhonn mhinicíocht na seirbhíse le linn na huaire sin, agus úsáid á baint as na dathanna céanna a úsáidtear ar na léarscáileanna.

Tá ag roinnt bealaí deighleoga nach n-oibríonn ach amháin ag amanna áirithe den lá. Léirítear na deighleoga sin ar leithligh ón bpatrún is coitianta.

1 Tá ag Bealaí 301 agus 304 difríochtaí beaga ina seirbhís ar laethanta le linn na seachtaine agus ina seirbhís ar an Satharn. Ní léirítear iad sin sa ghrafaic seo

### Raonta Laethúla

Tá an gréasán comhdhéanta de dheich mbealach, ach tá éagsúlacht ann sna huaireanta seirbhíse ar gach bealach ar leith. Tairgeann formhór na mbealaí seirbhís uile-lae ar laethanta le linn na seachtaine. Dá ainneoin sin, ní thairgeann Bealach 313 ach dornán turas in aghaidh an lae, agus an méid sin á dhéanamh ar shlí neamh-thráthrialta. Ní léirítear é ar an ngrafaic seo.

Oibríonn na deich mbealach uile ó Luan go Satharn. Soláthraíonn ocht gcinn de na deich mbealach leibhéal éigin seirbhíse ar an Domhnach freisin.

Tosaíonn an tseirbhís ar fhormhór na mbealaí ag thart ar 7 am ar laethanta le linn na seachtaine agus ar an Satharn. Ar an Domhnach, tosaíonn formhór na mbealaí ag am i bhfad níos moille, mar atá 10 am. Tugann formhór na mbealaí faoina dturais deiridh thart ar mheán oíche.

### An Gréasán Minic

Tá an gréasán minic i Luimneach comhdhéanta de Bhealaí 303 agus 304. Soláthraíonn na bealaí sin seirbhís gach 15 nóiméad nó níos minice an chuid is mó den am ó Luan go Satharn.


Nuair a bhíonn busanna ag teacht go comhsheasmhach gach 15 nóiméad nó ar bhonn níos minice fós, ní gá do phátrúin an sceideal a chur de ghlanmheabhair. Is cuma cén uair ba mhaith leo taisteal, beidh bus eile ag teacht roimh i bhfad. Fágann an t-aga feithimh sin a bhíonn gearr ar bhonn comhsheasmhach gur féidir cómhalartú i measc bealaí minice go measartha gasta.

Tá ag na bealaí sin raonta seirbhíse is faide ná bealaí eile. Tosaíonn siad de ghnáth ag 6 am ar laethanta le linn na seachtaine agus ar an Satharn agus ag 7 am ar an Domhnach. Ní bhíonn an tseirbhís a sholáthraítear ar an Domhnach chomh minic céanna, áfach.

Mar atá tuairiscithe ar leathanach 23, is tábhachtaí seirbhís ardmhinicíochta nuair atá sí le haghaidh turais ghearra. Dá ghiorracht turas na ndaoine is ea is lú a chuirfidh siad suas le haga fada feithimh sula roghnóidh siad rogha eile.

# Grafaic de Mhinicíocht agus Uaireanta Seirbhíse – An Gréasán atá ann cheana

## Bealaí Uirbeacha Bus Luimnigh – Minicíochtaí Seirbhíse* – Go Luath sa Bhliain 2023




* Ní léirítear Bealach 313 (go hArd na Croise) ar an gcairt seo toisc nach dtairgeann sé ach dornán turas in aghaidh an lae ar bhonn ainmhinic. Níl Bealaí 323 (go Caisleán Uí Chonaill agus go dtí an tAonach) agus 343 (go Sionainn agus Inis) ar áireamh sa staidéar seo. Tá leasuithe ar na bealaí sin á n-iniúchadh tríd an scéim 'Éire a Nascadh' de chuid TFI.

**Nótaí**

1 Tar éis 7:00 pm, ní fhreastalaíonn Bealach 301 ar Bhóthar de hÍde. Ina ionad sin, freastalaíonn sé ar Bhóthar Uí Chonaill.

2 Seirbhís atá difriúil ar Laethanta le linn na Seachtaine agus ar an Satharn: Ní fhreastalaíonn Bealach 301 ar Eastát Tionscail an Ráithín ach amháin ar laethanta le linn na seachtaine. Bíonn minicíocht níos ísle ag Bealach 304 idir 6:00 am agus 8:00 am ar an Satharn. Ní oibríonn síneadh Bhealach 304 go dtí an Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta agus go J&J Vision Care ach amháin idir 7:00 am agus 8:00 am (ceithre thuras) ar an Satharn.

3 Ar laethanta le linn na seachtaine agus ar an Satharn tar éis 7:00 pm agus ar an Domhnach ar fud an lae, ní fhreastalaíonn Bealach 306 ar limistéir atá laisteas de Shráid an tSáirséalaigh agus de Shráid Anraí. Ag na hamanna sin, críochnaíonn an tseirbhís go Baile Uí Neachtain ar Bhóthar na Seanbhuaile in ionad í a bheith ag críochnú ag Gairdíní an tSáirséalaigh.

# Gaireacht d'Aon Seirbhís, agus Seirbhís Mhinic

Léirítear sa ghrafaic ar dheis an líon daoine agus post atá cóngarach don iompar poiblí ag minicíochtaí difriúla i limistéar staidéir BusConnects Luimnigh. Áirítear leis an limistéar staidéir limistéir fhoirgnimh i gCathair Luimnigh agus cóngarach di, agus cónaíonn 102,000 duine ann (féach leathanach 7).


Tugtar aghaidh ar spriocanna **cumhdaigh**, amhail cuimsiú sóisialta, nuair a mhéadaítear an céatadán de chónaitheoirí agus de phoist atá lonnaithe in aice le **haon seirbhís**.

Mar a léirítear ar an ngrafaic, tá 53% de chónaitheoirí an limistéir agus 56% de phoist lonnaithe laistigh de thuras 400 m de shiúl na gcos (ar turas thart ar chúig nóiméad de shiúl na gcos é) ó aon chineál seirbhíse iompair phoiblí. Is airde na figiúirí sin le haghaidh seanóirí (59%), teaghlaigh gan charr (77%) agus cónaitheoirí i limistéir dhíothacha (83%).

Tugtar aghaidh ar spriocanna pátrúnachta nuair a mhéadaítear an líon daoine atá in aice le **seirbhís mhinic**, ós rud é gur gnách go mbíonn seirbhísí ardmhinicíochta níos úsáidí agus go meallann siad níos mó úsáideoirí. Dá ainneoin sin, níl ach 28% de chónaitheoirí agus 39% de phoist lonnaithe laistigh de thuras 400 m de shiúl na gcos ó chineál iompair phoiblí a thagann gach 15 nóiméad nó níos minice. Áirítear leis sin níos lú ná leath na seanóirí (31%), níos lú ná leath na dteaghlach gan charr (47%) agus níos lú ná leath na gcónaitheoirí i limistéir dhíothacha (47%).

**Gaireacht an Ghréasáin atá ann cheana – Am Lae ar Laethanta le linn na Seachtaine**


**Cén céatadán de limistéar uirbeach Luimnigh atá gar d'iompar poiblí a thagann gach:**




Tabhair faoi deara: Tomhaistear gaireacht mar láthair atá laistigh de 400 m ó stad bus.

***Cónaíonn formhór na ndaoine i Luimneach i bhfad ar shiúl ó sheirbhís mhinic bus.***

# Léarscáil de Limistéir atá laistigh de 400 m ó Sheirbhís atá ann cheana



# Na Tosca a Dhéanann Difear don Ghaireacht do Sheirbhís

Léirítear ar an léarscáil ar an leathanach roimhe cá mhéad den limistéar foirgnithe i Luimneach is féidir a shroicheadh trí thaisteal 400 méadar de shiúl na gcos ó stad bus a bhfuil seirbhís uirbeach aige. Tá na limistéir a bhfuil dath glas orthu lonnaithe laistigh de 400 méadar ó stad bus agus tá na limistéir a bhfuil dath oráiste orthu lonnaithe níos mó ná 400 méadar ar shiúl ó stad bus.

## Líneacht agus Tréscaoilteacht

Tá ag a lán forbairtí lasmuigh de chroí Luimnigh gréasáin lúbacha dhínasctha bóithre a bhfuil a lán limistéar cul-de-sac agus eastát múrtha acu. Ina lán cásanna, forbraíodh na limistéir sin as na príomhbhóithre, gan trénaisc a sholáthar le príomhbhóithre eile. Dá bharr sin, bíonn sé doiligh siúl trí na forbairtí sin idir príomhbhóithre.

Léirítear sa sliocht as léarscáil ag an mbarr ar dheis an limistéar idir Bóthar an Athar Ruiséil agus Bóthar Neasáin. Cé go soláthraíonn Bealach 301 atá ann cheana seirbhís ar na trí mhórbhóthar uile atá timpeall an limistéir sin, tá cuid mhór den limistéar sin lonnaithe níos mó ná turas 400 méadar de shiúl na gcos ar shiúl ó stad bus.

Mar thoradh ar an gcomhcheangal ballaí, fálta agus limistéar cul-de-sac atá ann, ní féidir le duine ach oiread siúl chuig stad bus in aice láimhe ar Bhóthar Neasáin ó aon eastát atá nasctha le Bóthar an Athar Ruiséil. Mar thoradh air sin, níl aon rochtain ann ó na limistéir sin ar Bhealach 304, ar bealach níos minice é.


I gcomparáid leis sin, tá tréscaoilteacht i bhfad níos mó ag an limistéar idir Seanbhóthar na Creatalaí agus Ascaill Brookville (a bhfreastalaíonn Bealach 302 atá ann cheana air) a léirítear sa sliocht as léarscáil ag an mbun ar dheis. Tá sé sin amhlaidh mar gheall ar an bpatrún níos líní agus níos nasctha sráideanna agus cosán súil atá ann.


## Spásáil Stadanna Bus

Cabhraíonn spásáil leathan stadanna le busanna dul níos gasta, rud a mhéadaíonn luas an taistil. Toradh eile atá ar spásáil leathan stadanna, áfach, is ea go mbíonn ar roinnt daoine taisteal níos faide de shiúl na gcos chun seirbhís a shroicheadh.

I limistéir a bhfuil droch-thréscaoilteacht coisithe acu, cosúil leis an gceann a léirítear sa sliocht ag an mbarr ar dheis, áfach, tá i bhfad níos mó daoine lonnaithe achar fada ar siúl ó sheirbhís mar gheall ar spásáil stadanna atá róleathan.

Luaitear go minic gur dea-chomhréiteach idir luasanna bus agus rochtain réidh ar stadanna é achar 400 méadar a bheith ann idir stadanna. Is measartha fada óna chéile atá stadanna Bhealach 301 sa limistéar sa sliocht ag an mbarr. Tá siad chomh fada óna chéile le 850 méadar in áiteanna.



# Castacht sa Ghréasán atá ann cheana



Áirítear leis an ngréasán bus uirbeach atá ann cheana roinnt gnéithe a thugann castacht isteach do phaisinéirí. Áirítear leo sin:

1. Mar thoradh ar shráideanna aontreo agus ar phatrúin oibriúcháin aontreo, is gá do bhealaí sráideanna difriúla a úsáid, ag brath ar an treo taistil. Tá sé sin fíor i gcuid mhór de Lár na Cathrach, agus ina lán limistéar forimeallach freisin.
2. Is ar roinnt bealaí atá malairtí slí nó síntí speisialta nach soláthraítear ach ag amanna áirithe den lá.
3. I Lár na Cathrach, áit a dtagann na bealaí uile le chéile, tá seirbhís ann ar a lán sráideanna difriúla agus ag a lán stadanna difriúla. Mar sin, tá sé níos deacra teacht ar an stad ceart chun cómhalartú isteach ar bhealach eile. Díspreagtar cómhalartú freisin trí tháille eile a ghearradh nuair a théann daoine ar bhord bus eile le linn a dturais. Trí chómhalartú a dhíspreagadh, laghdaítear a úsáidí atá an gréasán ina iomláine.

Cén difear a dhéanann sé sin do phátrúin, go háirithe d'úsáideoirí nua agus do dhaoine atá ag smaoineamh faoin iompar poiblí a úsáid ach nach bhfuil eolas acu ar an gcóras?

1. Is gá do dhaoine roinnt mhaith bealaí agus patrún seirbhíse a fhoghlaim agus cuimhneamh orthu, i gcoibhneas leis an méid seirbhíse iompair a sholáthraítear.
2. Má tá daoine ag taisteal go Lár na Cathrach, is féidir go mbeidh an stad ag a dtuirlingíonn siad suite roinnt bloc cathrach ar shiúl ón stad ag ar cheart dóibh bordáil dá dturas fillte.
3. Má tá daoine ag iarraidh taisteal go dtí na limistéir a bhfreastalaíonn malairtí slí nó síntí orthu lasmuigh de na hamanna ag a n-oibríonn an tseirbhís an-speisialaithe sin, is féidir go bhfanfaidh siad tamall fada leis an tseirbhís sin nó go gcinnfidh siad nach bhfuil an t-iompar poiblí oiriúnach dóibh ar chor ar bith.
4. Má thagann athrú ar bhealach roinnt uaireanta le linn an lae, tarlóidh sé ó am go chéile go rachaidh daoine nach bhfuil eolas acu ar an gcóras ar bhord an bhus mhíchirt agus go gcríochnóidh siad i gceann scríbe nach raibh siad ag súil leis.

Tá iarmhairtí aige sin do chónaitheoirí nua i Luimneach freisin. Tráth a thiocfaidh siad, déanfaidh siad cinntí maidir le cén áit a gcónóidh siad, cén áit a lorgóidh siad poist agus cé acu a cheannóidh nó nach gceannóidh siad carr agus a chónóidh nó nach gcónóidh siad in áit óna mbeidh orthu comaitéireacht a dhéanamh.

Más rud é nach féidir le cónaitheoirí nua an gréasán iompair phoiblí a thuiscint agus nach bhfeicfidh siad an fiúntas atá leis go tapa, déanfaidh sé sin difear do na roghanna a dhéanfaidh siad. Carnfaidh na roghanna aonair sin agus déanfaidh siad difear don rath a bheidh ar straitéisí áitiúla iompair maidir le hastaíochtaí gluaisteán a laghdú agus maidir le plódú a mhaolú.

Ní éascaíonn gréasáin bus atá casta fás paisinéirí ná gnóthú spriocanna pátrúnachta. Simplíodh an gréasán a bhuí le roinnt mhaith athruithe rathúla a rinneadh ar ghréasáin bus, lenar áiríodh infheistiú i mbealaí a oibríonn an lá ar fad agus an tseachtain ar fad agus seirbhís mhinic a sholáthar ar chonairí líneacha soiléire. Tugann an t-athdhearadh gréasáin seo deis dúinn an gréasán a shimpliú agus é a dhéanamh níos so-úsáidte.

# Scoilteanna Aontreo

Is féidir go bhfuil scoilteanna fada aontreo ar an gcineál is suntasaí castachta i ngréasán Luimnigh.


Mar thoradh ar na scoilteanna aontreo sin, laghdaítear an t-achar a bhfreastalaíonn bealach air de ghnáth, fiú i gcás go bhfuil cuma níos mó air ar an léarscáil. Tá sé sin léirithe sa ghrafaic ar dheis.

Is gá don iompar poiblí bheith úsáideach sa dá threo. Nuair is scoilte atá an dá threo de bhealach, tógann daoine bealaí siúil difriúla don dá thuras, rud a thógann am breise agus a chuireann castacht lena lá.

Dá leithne an scoilt idir an dá threo is ea is mó an líon daoine a measfaidh go bhfuil a dturas de shiúl na gcos rófhada le haghaidh treo taistil amháin.

Cé nach mbeidh ach tionchar beag aige sin ar eispéireas gach duine aonair, beidh tionchar carnach mór aige ar a lán daoine. Má dhéanann sé difear don daonra ar fad, beidh tionchar ag aon athrú nó dídhreasú beag ar thorthaí iompair.

**Tá an chuma air go gcumhdaítear achar níos mó le bealach atá scoilte de réir treo. Dáiríre, cumhdaítear achar níos lú leis.**



**Tugtar ar an sliocht as léarscáil ar dheis sampla de scoilt aontreo i seirbhís a dhéanann difear do chuid mhór chónaitheoirí Luimnigh gach lá.** Oibríonn Bealach 304 mar lúb aontreo in aice lena láthair ceann turais ag Ollscoil Luimnigh. Ní fhreastalaítear ar roinnt ciliméadar de stadanna ach amháin in aon treo amháin, rud a chuireann le haga taistil daoine.

Abraimis, mar shampla, go bhfuil duine ag taisteal ó Shráidbhaile Plassey (in aice leis an "X" atá marcáilte ar an léarscáil) i dtreo Lár na Cathrach. Is féidir leis an duine sin ceann amháin de na nithe seo a leanas a dhéanamh:


- Dul ar bhord an bhus ag a stad, teacht den bhus ag an dara stad, fanacht ar feadh cúpla nóiméad ag stad Shaol na Mac Léinn, agus dul ar bhord bus eile agus taisteal trí Bhóthar Pháirc Plassey agus ar ais trí Bhóthar Bhaile Átha Cliath;
- Siúl ar feadh thart ar 10 nóiméad go stad Shaol na Mac Léinn agus dul ar bhord an bhus agus taisteal trí na bóithre uile atá liostaithe thuas; nó
- Siúl ar feadh thart ar 10 nóiméad go dtí an stad ag Bóthar an Mhachaire Gailf.


Cé gur féidir go mbeidh a lán daoine sásta go leor le turas deich nóiméad de shiúl na gcos, is cinnte, i measc an daonra ar fad, go mbeidh daoine eile ann nach mbeidh sásta leis sin. Laghdaíonn sé sin an líon daoine a mheasann go bhfuil siad gar go leor do Bhealach 304 chun é a úsáid go tráthrialta. Tá lúba aontreo den chineál céanna ann ar roinnt bealaí eile (amhail Bealach 304A, atá léirithe ar dheis).





***Nuair atá an dá threo de bhealach suite i bhfad óna chéile, measfaidh roinnt daoine gur rófhada dóibh atá an turas de shiúl na gcos ar cheachtar bealach.***

# Barúlacha Áitiúla maidir leis an nGréasán atá ann cheana




## Lár na Cathrach


- Soláthraítear seirbhís ar a lán sráideanna difriúla agus ag a lán stadanna difriúla i gcroílár Luimnigh, rud a chuireann lena chasta atá cómhalartú. D'fhéadfaí an gréasán a dhéanamh níos sothuigthe tríd an tseirbhís a chomhdhlúthú isteach ar líon níos lú sráideanna ar a soláthraítear seirbhís dhá threo. Bheadh sé níos éasca cómhalartú idir bealaí, agus d'fhéadfaí bearta tosaíochta bus a spriocdhíriú go héifeachtach.
- Tá naisc thábhachtacha réigiúnacha agus náisiúnta ann ag Stáisiún Cholbaird, atá suite cúpla bloc ar shiúl ón áit a dtagann formhór na seirbhísí le chéile faoi láthair.


## An Chuid Thiar Thuaidh


- Tá limistéir Bhaile Uí Neachtain agus Mhaigh Rois thíos le hardleibhéil díothachta. Go pointe éigin, soláthraíonn Bealach 306 seirbhís cumhdaigh do réimsí atá suite níos faide i gcéin ó Bhealach 302 nó ó Bhealach 303.
- Tá pátrúnacht an-ard ag Bealach 302 i gcoibhneas lena leibhéil seirbhíse, agus d'fhéadfadh údar a bheith ann lena mhinicíocht a mhéadú.
- Níl aon seirbhís bus uirbeach ann ar Bhóthar na hInse, beag beann ar é a bheith an-líneach agus a bheith suite in aice le líon suntasach cónaitheoirí agus post.

## An Chuid Thoir Thuaidh

- Tá Páirc Mhuire thíos le hardleibhéil díothachta. Is é Bealach 305A go Lár na Cathrach, ar seirbhís a oibríonn uair amháin in aghaidh na huaire é, an t-aon bhealach amháin a fhreastalaíonn uirthi. D'fhéadfadh údar a bheith ann le seirbhís níos minice a sholáthar sa limistéar sin, ar seirbhís í a nascfadh le háiteanna nach bhfuil laistigh de thuras gearr de shiúl na gcos nó de rothar.
- Lúbann Bealach 301 trí Bhruach na Sionainne, rud a mhéadaíonn agaí turais amach go Westbury.
- Cuireann srianta fisiciúla ar Bhóthar an Mhuilinn agus sa limistéar idir Bóthar an Chorrbhaile agus Sráid an Chláir/Bóthar Bhaile Átha Cliath bac ar aon seirbhís bus fhéideartha.




## An Chuid Thiar Theas

- Cé go soláthraítear cuid mhór seirbhíse ar Ascaill Uí Chonaill/Bóthar Bhéal Átha na Cora/Bóthar Neasáin, tá an tseirbhís sin eagraithe ina bealaí ar leith nach féidir a chomhordú ina seirbhís aonair lena mbaineann minicíocht an-ard.
- Oibríonn Bealach 306 uair amháin in aghaidh na huaire agus ní fhreastalaíonn sé ach ar limistéar an-bheag go Lár na Cathrach. Is féidir go mbainfidh tuilleadh daoine tairbhe as seirbhís mhéadaithe a fháil ar Bhóthar de hÍde in ionad na seirbhíse sin.
- Ní sholáthraítear aon seirbhís ar Bhóthar an Duga, beag beann ar líon suntasach post a bheith lonnaithe in aice láimhe.
- Ní sholáthraítear aon seirbhís ar chodanna de Bhóthar Thuar an Daill, beag beann ar líon suntasach daoine a bheith ina gcónaí in aice láimhe.

## An Chuid Thoir Theas agus an Chuid Thoir Istigh

- Tá roinnt de na limistéir a bhfreastalaíonn Bealach 305 orthu i nGarraí Eoin laistigh de 400 m ó Bhealach 304 ar Shráid Mulgrave. Is minice i bhfad Bealach 304 ná Bealach 305 agus is mó i bhfad an líon áiteanna a nascann sé leo.
- Cé gur tháinig méadú ar mhinicíocht Bhealach 303 ó gach 30 nóiméad go gach 15 nóiméad le déanaí, ní raibh ach méadú 30% ann ar phátrúnacht. I measc nithe eile, d'fhéadfaí é sin a chur síos do mhalairtí slí agus do scoilteanna aontreo a mhéadaíonn agaí turais. Ina theannta sin, tá Páirc Uí Mháille á hathbheochan faoi láthair agus tá a daonra ag meath.
- Ní féidir le seirbhís Bhealach 303 a láthair bheartaithe ceann turais ar Bhóthar Chill Mochealló a bhaint amach faoi láthair toisc nár tógadh aon saoráidí casadh thart go fóill.

## An Chuid Thoir

- Tá scoilteanna móra aontreo ann ar Bhealach 304 agus ar Bhealach 304A ar an taobh thoir den Ghrúda. Méadaíonn siad sin achair shiúil agus agaí turais. Ní fhreastalaítear ar limistéar mór ar an taobh theas de Bhóthar Bhaile Átha Cliath ach i dtreo amháin.
- Ar an taobh theas de Bhóthar Bhaile Átha Cliath, níl aon bhóthar suite i ngar do líon dóthanach daoine chun ardphátrúnacht a ghiniúint. Dá bhrí sin, oibríonn Bealach 304A agus Bealach 310 ina bpatrúin fhiarlánacha chun seirbhís a sholáthar i ngar do líon mór daoine.
- Mar gheall ar nascbhóthar a bheith in easnamh idir Bóthar an Mhachaire Gailf, Bóthar Theach na Scoile agus Bóthar na Grúdan, ní féidir conair bus níos líní a sholáthar ó Áth an Choite go Lár na Cathrach trí Bhóthar Theach na Scoile agus Bóthar Bhéal Átha Síomoin.

# Margadh do Sheirbhís agus an Gá le
# 4 AnSeirbhís

# Táscairí ar an Éileamh ar an Iompar Poiblí agus ar an nGá leis an Iompar Poiblí

Sa chaibidil seo, cuirimid sonraí i láthair lena gcuirtear bonn eolais faoi dhá chineál dhifriúla tosca i bpleanáil iompair:

- **Cá bhfuil na margaí is láidre don iompar, ar margaí iad a bhfuil acmhainneacht acu ardphátrúnacht agus ísealchostais oibriúcháin a bhaint amach?**
- **Cá bhfuil na riachtanais mheasartha nó na dianriachtanais leis an iompar, áit a bhfuil tábhacht ag baint le seirbhísí, is cuma cé acu a mheallann nó nach meallann siad ardphátrúnacht?**

Léirítear na nithe seo ar na léarscáileanna ar na leathanaigh seo a leanas:

- **Gníomhaíocht**, lena gcomhcheanglaítear cónaitheoirí, poist agus ardoideachas
- **Cónaitheoirí**
- **Poist agus Ardoideachas**
- **Bunscoileanna agus Meánscoileanna**
- **Teaghlaigh gan Charr**
- **Limistéir ina bhfuil Ard-Díothacht**
- **Cónaitheoirí Dífhostaithe**
- **Daoine óga**
- **Seanóirí**


Sna léarscáileanna, baintear leas as sonraí ó Dhaonáireamh 2016 agus as foinsí eile roimh an mbliain 2020. Mar sin, níl tionchair na forbartha nua i limistéir amhail Mungairit le feiceáil orthu.

Le linn di an Dréacht-Ghréasán Nua a dhearadh, d’oibrigh an fhoireann go dlúth le baill foirne ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus ó Chomhairle Contae an Chláir chun a chinntiú go dtugann an Dréacht-Ghréasán Nua aghaidh ar dhálaí reatha agus ar an bhforbairt a bhfuiltear ag coinne léi faoin mbliain 2025.

Léirítear ar fhormhór na léarscáileanna seo dlús gach grúpa daonra ar fud an limistéir. Ní leor dlús ina aonar, áfach, chun tacú le hardphátrúnacht. Ní mór dúinn na léarscáileanna seo a scrúdú i leith na dtréithe úsáide talún uile lena léirítear acmhainneacht ardphátrúnachta, i dteannta dlúis:

- **Insiúltacht.** Léirítear ar an léarscáil dheireanach sa tsraith seo a mhéid a chuidíonn an gréasán áitiúil sráideanna agus cosán le turais ghearra de shiúl na gcos a sholáthar go stadanna bus.
- **Líneacht.** Nochtar ar na léarscáileanna seo, go háirithe nuair a amharctar orthu i dteannta a chéile, cén áit ar féidir leis an iompar poiblí oibriú ina línte atá measartha díreach, gan malairt slí a thógáil nó gan patrúin thimpeallacha a leanúint, agus freastal ar líon measartha mór daoine agus gníomhaíochtaí ag an am céanna.
- **Leanúnachas.** Tógann sé am chun limistéir thuaithe agus spás oscailte a thrasnú agus ídíonn sé an buiséad oibriúcháin. Mar sin, dá fhaide atá cinn scríbe suite ar shiúl óna chéile is ea is mó an costas a bhaineann le hiad a nascadh lena chéile nó is ea is measa an mhinicíocht is féidir a thairiscint feadh an achair sin.
- **Meascán Úsáidí.** Tugtar an léiriú is fearr air seo ar an gcéad léarscáil sa tsraith, rud ar a léirítear Gníomhaíocht. In áiteanna atá dlúth ó thaobh cónaitheoirí de agus ó thaobh post de araon, is féidir leis an iompar poiblí oibriú go héifeachtúil sa dá threo ag a lán amanna den lá agus den tseachtain.

# Dlús Gníomhaíochta (Cónaitheoirí, Poist agus Ardoideachas)



## Ábharthacht

Léirítear ar an léarscáil de dhlús gníomhaíochta ar an leathanach roimhe dlús cónaitheoirí, post agus ardoideachais (a thomhaistear bunaithe ar an líon mac léinn tríú leibhéal atá rollaithe) i dteannta a chéile. Fágann sé sin gur féidir sainaithint a dhéanamh ar limistéir ina bhfuil ardmheascán cónaitheoirí agus gníomhaíochtaí.

Is dóigh go mbeidh a lán pátrún féideartha iompair agus a lán ceann scríbe ann i limistéir den sórt sin. Maidir le limistéir ina bhfuil úsáid mheasctha le fáil, is dóigh go nginfidh siad turais i ngach treo agus ag cuid mhór amanna den lá agus den tseachtain. Fágann sé sin gur féidir ardphátrúnacht a mhealladh go héifeachtúil, toisc go bhfuil seirbhísí agus feithiclí úsáideach sa dá threo de gach bealach.


## Príomhbharúlacha

**Tá an patrún gníomhaíochta i Luimneach deighilte ina limistéir leithleacha**. Is amhlaidh an scéal sin mar gheall ar bhacainní fisiciúla amhail mótarbhealach an N18, an líne iarnróid go hInis, Páirc na Canálach, an tSionainn, an Ghrúda, Abbey River, agus Góilín Bhéal Átha na Cora.

**Seasann ceithre lárionad gníomhaíochta amach. Is pointí fócasacha iad sin sa ghréasán atá ann cheana agus sa Dréacht-Ghréasán Nua araon.** Is mó i bhfad an comhchruinniú gníomhaíochta i gcomharsanacht Lár na Cathrach ná in aon áit eile. Tá lárionaid thánaisteacha le feiceáil ar an léarscáil freisin, mar atá: Ollscoil Luimnigh; Ospidéal Ollscoile Luimnigh; agus Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Maoilis (Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh roimhe seo).

**Lasmuigh de na lárionaid sin, is measartha aonfhoirmeach atá an dlús i limistéir faoi fhoirgnimh.** Tá ard-dlúis ann i gcodanna áirithe de dhornán limistéar beag. I bhformhór na gcásanna, is léiriú iad sin ar fhorbairtí sonracha tithíochta atá beagáinín níos dlúithe ná an limistéar atá timpeall orthu. Ní lárionaid chomhchruinnithe ghníomhaíochta iad.

# Dlús Cónaithe



## Ábharthacht

Trína thuiscint cé na háiteanna ina gcónaíonn a lán daoine i ngar dá chéile, cabhrófar linn a fheiceáil cá bhfuil an margadh is mó ann don iompar poiblí. Ós rud é go dtosaíonn agus go gcríochnaíonn a lán turas sa bhaile, tá acmhainneacht ardphátrúnachta ag áiteanna ina gcónaíonn a lán daoine.

Tá tithe ina gceann scríbe do thurais daoine eile freisin, mar shampla chun cuairt a thabhairt, chun aire a thabhairt do bhaill teaghlaigh nó chun leas a bhaint as seirbhísí a sholáthraíonn duine ón mbaile.


## Príomhbharúlacha

**Is airde dlúis sna comharsanachtaí is sine agus is lárnaí ná in aon áit eile.** Tá an limistéar comhtheagmhálach is mó d’ard-dlús cónaithe suite timpeall Lár na Cathrach, an Bhaile Ghaelaigh agus Gharraí Eoin. Tá níos mó ná 5,000 cónaitheoir in aghaidh an chiliméadair chearnaigh ann i gcuid mhór den limistéar sin. Is léiriú é sin ar stíl tógála na gceantar is sine den bhaile, áit a bhfuil tacair leanúnacha tithe sraithe agus árasán beag ann. Is léiriú é freisin ar roinnt den tithíocht ard-dlúis nua i gcodanna de Lár na Cathrach.

**Is airde dlúis chónaithe sa limistéar ar an taobh theas den N18 ná i mbruachbhailte eile.** Is féidir gur léiriú é sin gurb airde an líon tí sa limistéar sin ná in aon áit eile. Is cosúil go bhfuil comhghaol ann idir ard-dlús cónaithe i gcoitinne agus ard-dlúis leanaí.

**Is ísle dlúis chónaithe sa limistéar ar an taobh thoir den Ghrúda ná in aon áit eile.** Is léiriú é sin ar shaibhreas measartha ard an limistéir sin, ar champais mhóra amhail Ollscoil Luimnigh agus páirceanna gnó atá suite timpeall Bhóthar Pháirc Plassey, agus ar úsáidí talún seachuirbeacha amhail taiscumair, goirt talmhaíochta agus cúrsa gailf mór.

# Dlús Post agus Ardoideachais



## Ábharthacht

Is féidir leis an dlús láithreacha post agus ardoideachais na limistéir ina bhfuil cinn scríbe comhchruinnithe agus na limistéir is mó cuairt a léiriú.

Mar sin féin, tá níos mó ná comaitéireacht chun na hoibre agus chun an oideachais i gceist le cabhrú le daoine taisteal go dtí na cinn scríbe sin. Is ionann láithreacha post freisin agus áiteanna a dtugann daoine cuairt orthu go tráthrialta chun siopadóireacht a dhéanamh, chun cúram liachta a fháil, chun bualadh le daoine eile, chun coinneáil aclaí agus chun tabhairt faoi na gníomhaíochtaí uile eile a dhéanann an saol iomlán.

Mar aon le mic léinn a mhealladh, is ionann saoráidí ardoideachais agus cinn scríbe thábhachtacha do na baill foirne teagaisc agus na baill foirne eile a thacaíonn le staidéar na mac léinn sin, do thaighdeoirí agus do chuairteoirí agus, i gcás scoileanna liachta agus ospidéil teagaisc, d'othair a bhíonn ag lorg cúraim.

## Príomhbharúlacha


**Is iad na lárionaid post agus oideachais na ceithre phríomh-lárionad gníomhaíochta i Luimneach.** Mar a léirítear ar an léarscáil de dhlús gníomhaíochta, is iad na limistéir is suntasaí ná Lár na Cathrach, campas Ollscoil Luimnigh, Ospidéal Ollscoile Luimnigh, agus campas Mhaoilis d'Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne.

**Cé go bhfuil roinnt post suite i limistéir thionscail, tá siad leata amach ag dlúis measartha íseal**. Áirítear leis sin limistéir amhail Eastát Tionscail an Ráithín, páirceanna gnó ar Bhóthar Pháirc Plassey, Bóthar Bhéal Átha Síomoin, agus Bóthar an Duga. Is é an toradh a bhíonn ar na hísealdlúis post i limistéir den sórt sin go minic ná nach mór d'oibrithe achar fada a shiúl ó stad bus go dtí an láithreán post iarbhír.

**Tá seans ann go ndéantar ar an léarscáil beag is fiú dá thábhachtaí atá roinnt ionad siopadóireachta fo-uirbeach**. In áiteanna amhail Ionaid Siopadóireachta Limerick One, Bhaile an Róistigh, Bhealach na Páirce, an Chorráin, Jetland agus Chrois Ó Cuanach, is measartha beag atá an líon post in aghaidh an chiliméadair chearnaigh mar gheall ar an lorg ollmhór atá acu ar an talamh. Meallann siad a lán turas custaiméirí, áfach.

Is fairsing atá cuid mhór de na forbairtí tionscail agus miondíola a tógadh le déanaí, agus iad ina monarchana móra agus ina n-ollsiopaí atá suite taobh thiar de charrchlóis ollmhóra. Fágann sé sin go bhfuil sé níos deacra freastal ar na poist sna láithreacha sin tríd an iompar poiblí, go háirithe i gcás go bhfuil foirgnimh suite ag ceann limistéar cul-de-sac nó taobh thiar de bhallaí.

# Bunscoileanna agus Meánscoileanna



## Ábharthacht

Léirítear ar an léarscáil ar an leathanach roimhe na bunscoileanna agus na meánscoileanna a bhí lonnaithe i limistéar Luimnigh agus an líon daltaí a bhí rollaithe iontu sa bhliain 2018.

Is mór idir na patrúin éilimh ar an taisteal timpeall bunscoileanna agus meánscoileanna agus iad sin ag coláistí agus ollscoileanna. Cé gur gnách go ngineann institiúidí tríú leibhéal turais ar fud an lae ar fad, is gnách go ngineann bunscoileanna agus meánscoileanna a lán turas ar feadh tréimhse an-ghearr ar maidin agus sa tráthnóna.

Más rud é, maidir le bealach bus atá ceaptha chun freastal ar scoileanna, nach nascann sé scoileanna ach amháin le háiteanna cónaithe, ní dóigh go mbeidh sé an-úsáideach ar feadh an chuid eile den lá. Is féidir scoileanna a nascadh le háiteanna cónaithe ar bhealaí nach n-oibríonn ach amháin ar maidin agus sa tráthnóna chun laghdú a dhéanamh ar an méid seirbhíse a chaitear ar thurais speisialta den sórt sin.

Is é an toradh atá ar speisialtóireacht den sórt sin, áfach, ná go ndéanann sé an gréasán bus níos casta agus níos dothuigthe.


Baineann costais bhreise le turais nach n-oibríonn ach amháin le linn tréimhsí buaicéilimh freisin. Áirítear leo sin an costas a bhaineann le busanna breise a cheannach agus a chothabháil chun freastal ar na turais sin agus an costas a bhaineann le tiománaithe a íoc as sealanna gearra nó as sealanna scoilte ar lena linn a fhaigheann siad sosanna fada.

## Príomhbharúlacha

**Tá cuid mhór scoileanna lonnaithe ag imeall Lár na Cathrach.** Is dóigh go mbeidh seirbhís iompair phoiblí in aice láimhe ag na scoileanna sin, ar seirbhís í a oibríonn faoi aon chumraíocht den ghréasán bus ach nach stadann go díreach ag doras tosaigh na scoile i ngach cás.

**Tá roinnt scoileanna móra ann i limistéir fhorimeallacha freisin**. In áiteanna a bhfuil na scoileanna sin suite ag ceann limistéar fada cul-de-sac, agus ar beag eile atá le fáil in aice láimhe, tá sé níos casta agus níos costasaí freastal orthu.

# Teaghlaigh gan Charr



## Ábharthacht

Léirítear ar an léarscáil ar an leathanach roimhe cén áit a bhfuil teaghlaigh gan charr comhchruinnithe i Luimneach.

Tá teaghlaigh gan charr ina léiriú ar an acmhainneacht le haghaidh ardphátrúnachta agus ar an ngá atá ann le seirbhís iompair phoiblí araon.


In áiteanna atá suite i bhfad ar shiúl ó Lár na Cathrach, is féidir gur beag rogha, seachas an t-iompar poiblí, atá ag teaghlaigh agus iad ag iarraidh áiteanna oibre nó seirbhísí a shroicheadh lasmuigh dá ngarchomharsanacht.

## Príomhbharúlacha

**Tá ard-dlúis teaghlach gan charr ann i Lár na Cathrach agus i ngar dó.** Tríd is tríd, is airde an dlús gníomhaíochta sna limistéir sin ná in aon áit eile. Tá gréasán dea-nasctha sráideanna iontu agus tá siad suite i ngar do sheirbhís mhinic úsáideach iompair phoiblí freisin. Ina theannta sin, is doichte na srianta spáis i Lár na Cathrach agus i ngar dó ná in aon áit eile, agus is féidir go mbeidh sé dúshlánach nó costasach carr a pháirceáil go seasta i gcuid mhór de na limistéir sin. Mar thoradh air sin, tá na limistéir sin ar na limistéir is áisiúla do dhaoine gan charr.

**I limistéir fho-uirbeacha, is airde an dlús teaghlach gan charr i limistéir dhíothachta suntasaí agus i limistéir thithíochta do mhic léinn ná in aon áit eile.** Is measartha ard atá an dlús teaghlach gan charr i limistéir ard-díothachta amhail Maigh Rois, Páirc Mhuire, Bóthar de hÍde, Páirc Sheáin Carew agus Páirc Uí Mháille. Tríd is tríd, is féidir foirgnimh thithíochta do mhic léinn a shainaithint ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath agus ar Bhóthar na Grúdan bunaithe ar an dlús teaghlach gan charr freisin.

# Limistéir Shaibhris agus Dhíothachta



## Ábharthacht

Léirítear ar an léarscáil de shaibhreas agus díothacht ar an leathanach roimhe éagsúlacht Innéacs Díothachta Pobal HP i limistéar uirbeach Luimnigh sa bhliain 2016[1]. Murab ionann agus léarscáileanna eile sa chaibidil seo, ní léarscáil de dhlús í. Ina ionad sin, léirítear uirthi na leibhéil choibhneasta saibhris nó díothachta atá ann i ngach limistéar.

Imríonn saibhreas agus díothacht raon tionchar difriúil ar an éileamh ar an iompar poiblí agus ar an ngá leis an iompar poiblí.

Is gnách go dtaistealaíonn daoine saibhre ar bhonn níos minice ná daoine eile, toisc go bhfuil airgead acu chun caitheamh ar an taisteal féin agus ar na gníomhaíochtaí a mbaineann siad taitneamh astu. Tá seans níos fearr ann go mbeidh carr acu freisin. Mar sin, is éiginnte atá an tionchar a imríonn saibhreas ar an éileamh ar an iompar poiblí.

É sin ráite, is ísle an meánleibhéal taistil i measc na ndaoine is lú acmhainn ná i measc daoine eile. Tá seans níos lú ann go mbeidh carr acu freisin. Cé nach bhfuil aon cheangal díreach ann idir díothacht agus ardphátrúnacht ar an iompar poiblí, mar sin, tá nasc soiléir ann idir díothacht agus an gá le seirbhísí iompair phoiblí.


1 Is féidir tuilleadh mionsonraí faoin Innéacs Díothachta a fháil ar shuíomh Gréasáin Trutz Haase, ar suíomh cartlannaithe é.

## Príomhbharúlacha

**Lasmuigh de Lár na Cathrach, tá ceangal láidir ann idir limistéir dhíothachta agus limistéir ina bhfuil ard-dlúis teaghlach gan charr.** Mar thoradh air sin, i gcomhthéacs Luimnigh, is féidir go mbeidh nasc ann idir díothacht agus an gá leis an iompar poiblí agus pátrúnacht measartha ard araon.

Tá campas Ollscoil Luimnigh sainaitheanta mar limistéar díothachta suntasaí ar an léarscáil seo freisin. Mar sin féin, is dóigh go léirítear leis na sonraí sin mic léinn a chónaíonn i dtithíocht ar an gcampas. Cé gur féidir go mbeidh ioncam an-íseal acu ar feadh tréimhse shealadach, níl siad thíos leis an mbochtaineacht ar an mbealach céanna atá cónaitheoirí i limistéir eile thíos léi.

# Cónaitheoirí Dífhostaithe



## Ábharthacht

Léirítear ar an léarscáil de chónaitheoirí dífhostaithe ar an leathanach roimhe cén áit a raibh daoine a bhí dífhostaithe sa bhliain 2016 comhchruinnithe.

Is féidir gurb aisteach an rud é díriú ar dhaoine dífhostaithe chun an t-éileamh ar an iompar nó an gá leis an iompar a shuí, toisc nach gá do dhaoine dífhostaithe taisteal chomh minic céanna le daoine fostaithe.

Tá dlúthnasc ann idir ard-dífhostaíocht agus ard-díothacht, áfach. Is gnách go mbíonn ard-dlúis cónaitheoirí dífhostaithe ann i limistéir atá thíos le hardleibhéil díothachta.

Dá bhrí sin, is le léarscáil de dhlús dífhostaíochta a sholáthraítear comhthéacs tábhachtach ina leith sin. Cabhraítear léi le sainaithint a dhéanamh ar áiteanna a bhfuil méid éigin gá ag a lán daoine, fiú amháin i gcás nach bhfuil an meánduine thíos le diandíothacht.


I dteannta a chéile, is féidir léarscáileanna de dhífhostaíocht agus de dhíothacht a úsáid chun sainaithint a dhéanamh ar áiteanna a mbeadh an t-iompar poiblí luachmhar ar chúiseanna sóisialta. Sna limistéir is dlúithe agus is lárnaí, comhlánaíonn an gá sin spriocanna pátrúnachta. I limistéir fhorimeallacha ina bhfuil ísealdlús, is féidir go gcabhróidh an t-iompar poiblí le spriocanna cumhdaigh agus cuimsithe a chomhlíonadh.

## Príomhbharúlacha

**Tugann ard-dlúis cónaitheoirí dífhostaithe le tuiscint go bhfuil méid suntasach gá shóisialta ann i Lár na Cathrach agus i ngar dó.** Áirítear leis sin an gá le seirbhísí iompair phoiblí. Cé go dtairgtear i Lár na Cathrach na deiseanna is so-rochtana do dhuine gan charr, is ar fáil i limistéir fho-uirbeacha atá a lán post, seirbhísí agus deiseanna áineasa ar féidir go mbeidh sé deacair iad a shroicheadh gan an t-iompar poiblí.

Chomh maith leis sin, tugtar le tuiscint sa léarscáil de dhífhostaíocht gur féidir gurb airde an leibhéal gá shóisialta i dTuar an Daill ná mar a léirítear ar an léarscáil de shaibhreas agus de dhíothacht.

# Dlús Daoine Óga (17 mbliana nó níos óige)



## Ábharthacht

De réir an dlí, ní cheadaítear do leanaí tiomáint. Dá ainneoin sin, is féidir go mbeidh orthu go fóill taisteal chun freastal ar an scoil, chun bualadh le cairde agus baill teaghlaigh agus chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí éagsúla.


Caitheann tuismitheoirí agus cúramóirí eile méid mór ama ar leanaí a thiomáint thart. Is féidir leis an iompar poiblí faoiseamh a thabhairt d'aosaigh ghnóthacha. Is féidir leis neamhspleáchas agus cumhacht a thabhairt do leanaí atá sean agus aibí go leor chun taisteal ina n-aonar nó in éineacht le cairde freisin. Tá rochtain ag leanaí ar tháillí lascainithe don óige freisin.

Mar sin, tá an léarscáil de dhlús daoine óga ina tomhas eile lena gcomhcheanglaítear leibhéal áirithe gá agus méid áirithe acmhainneachta le haghaidh ardphátrúnachta araon, faoi mar is féidir lena lán daoine a thaistil ar bhus ag 4 pm ar lá le linn na seachtaine riamh a fhianú.

## Príomhbharúlacha

**Tá ard-dlúis cónaitheoirí óga ag teacht, tríd is tríd, le patrúin ard-dlúis cónaithe i Luimneach.** Is féidir é sin a chur síos, is dócha, don cheangal idir leanaí a bheith i láthair agus líon mór tí a bheith ann.

# Seanóirí (65 bliana nó níos sine)



## Ábharthacht

Tá claonadh measartha mór ag daoine ar scor agus seanóirí an t-iompar poiblí a úsáid, mar gheall ar an ioncam seasta atá acu, ar an líon íseal tiománaithe ceadúnaithe atá ann ina measc, ar an deacracht a bhaineann le scileanna tiomána a choinneáil ar bun agus ar an Scéim Saorthaistil.

Mar ghrúpa, áfach, is gnách nach ionann na sainroghanna pearsanta atá acu maidir le dearadh seirbhísí iompair agus iad sin atá ag daoine níos óige agus ag oibrithe:

- Is minic is fearr leo turas níos giorra de shiúl na gcos go dtí an stad bus agus uaidh araon.
- Is minic a bhíonn níos mó ama acu chun a dturas a phleanáil agus a thógáil.
- Tá seans níos lú ann go dtógfaidh siad turais ar ina leith nach bhfuil aon smacht acu ar an uainiú (amhail turais chun na hoibre nó chun na scoile). Dá bhrí sin, tá cumas níos fearr acu a dturais a uainiú bunaithe ar an sceideal bus.


Ar na cúiseanna sin, tá sé an-tábhachtach do roinnt daoine ar scor agus seanóirí go n-oibríonn bealaí iompair i ngar dá dtithe agus dá gcinn scríbe. Níl minicíocht ná luas na seirbhíse chomh tábhachtach céanna dóibh.

## Príomhbharúlacha

Ach amháin i gcás roinnt eisceachtaí suntasacha (féach thíos), **tá an dlús seanóirí ag teacht, tríd is tríd, le patrúin an dlúis cónaithe fhoriomláin.** Tugann sé sin le tuiscint nach mór na riachtanais atá ag seanóirí i gcomhthéacs riachtanais an phobail i gcoitinne a chur san áireamh agus aon ghréasán bus i Luimneach á phleanáil.

**I bhformhór na gcásanna, tá ísealdlúis daoine os cionn 65 bliana ann i gcomharsanachtaí nua, go háirithe i limistéir shaibhre.** Is éasca é sin a fheiceáil sna limistéir atá suite ar an taobh thoir den Ghrúda, áit a bhfuil na dlúis is ísle seanóirí le fáil. Tugann sé sin le tuiscint nach leor na seirbhísí iompair phoiblí atá ann cheana chun freastal ar riachtanais an limistéir seo, mar gheall ar chineál ainmhinic timpeallach Bhealach 304A agus Bhealach 310 atá ann cheana.

# Tréscaoilteacht an Ghréasáin Siúil



Léirítear ar an léarscáil ar an leathanach roimhe tomhas amháin ar insiúltacht: an céatadán den limistéar cóngarach atá insroichte trí suas le 1.5 km a shiúl ar shráideanna nó ar chosáin. Dá airde an céatadán sin is ea is tréscaoiltí an limistéar don siúl.

In áiteanna nach bhfuil ach beagán nasc sráide nó cosáin iontu, beidh ar dhaoine achair níos faide a shiúl go cinn scríbe atá cóngarach i líne dhíreach trasna na tíre. Tá áiteanna den sórt sin léirithe i nglas éadrom nó i liath ar an léarscáil. Is léirithe i ndúghlas atá na háiteanna inar féidir le daoine a lán sráideanna nó cosán nasctha a thógáil chun formhór na n-áiteanna cóngaracha a shroicheadh go tapa.

Tá cuid mhór den limistéar timpeall Lár Cathrach Luimnigh measartha tréscaoilteach. Tá sé deacair na príomhbhóithre a thrasnú de shiúl na gcos ina lán limistéar lasmuigh de sin, áfach. Mar shampla, i ngar do Lár na Cathrach, tá sé éasca siúl ó Ascaill Uí Chonaill go Bóthar an Duga. Tá líon níos lú cosán ar fáil do shiúlóirí níos faide ar shiúl, áfach.

Tá patrúin thimpeallacha sráide ar a lán forbairtí timpeall Luimnigh freisin, agus forbairtí suite laistigh de limistéir cul-de-sac. Mar a luadh ar leathanach 45, cé go bhfuil an dlús cónaithe ar Bhóthar an Athar Ruiséil sa raon idir measartha agus ard, fágann an patrún dínasctha sráideanna nach féidir siúl go díreach go dtí aon seirbhís ar Bhóthar Neasáin.

Tá easpa tréscaoilteachta ann ar fud Luimnigh ar fad, agus déanann sí difear do limistéir shaibhre agus do limistéir dhíothacha araon. Mar shampla, níl aon mhodh díreach ann chun siúl idir pointe atá suite leath bealaigh idir Bóthar Mhóin an Lín agus Bóthar an Mhachaire Gailf ná idir Bóthar Bhaile an Róistigh agus Bóthar de hÍde.

# 5 Forbhreathnú ar an Dréacht-Ghréasán Nua

# Cad atá sa Dréacht-Ghréasán Nua?

Is é atá sa Dréacht-Ghréasán Nua ná an **togra athdheartha tosaigh** a chuir BusConnects Luimnigh chun tosaigh. Tá an togra á chur chun tosaigh le haghaidh comhairliúchán poiblí. Tá sé beartaithe ag an Údarás agus a chomhpháirtithe Gréasán Nua Deiridh a fhorbairt tar éis an chomhairliúcháin phoiblí sin, ar Gréasán é ina dtabharfar aghaidh ar an aiseolas a fuarthas.

## Níos Mó Infheistíochta sa tSeirbhís

Á aithint aige nach dtugtar aghaidh ar spriocanna pátrúnachta ná cumhdaigh go leordhóthanach leis an ngréasán bus atá ann cheana, tá an tÚdarás ag moladh méadú suntasach sa tseirbhís trí BusConnects Luimnigh.

D'áireofaí na nithe seo a leanas leis an tseirbhís bhreise:

- **Seirbhís chuig Níos Mó Limistéar**
- **Níos Mó Bealaí a bhfuil Seirbhís Mhinic acu**
- **Seirbhís Níos Fearr ar an Domhnach**
- **Seirbhís 24 hUaire an Chloig i bPríomhlimistéir**

Leis an Dréacht-Ghréasán Nua, mhéadófaí an tseirbhís bus i gCathair Luimnigh agus a bruachbhailte faoi thart ar 70%, tríd is tríd. Is é an toradh a bheadh air sin ná go dtabharfaí an t-iompar poiblí i Luimneach i gcomhréir leis na leibhéil seirbhíse atá beartaithe a sholáthar i gCorcaigh.

## Seirbhís Níos Úsáidí

Ní hé amháin go méadófar an méid seirbhíse mar thoradh ar an athdhearadh gréasáin, ach uasmhéadófar go sonrach an líon áiteanna úsáideacha ar féidir le daoine iad a shroicheadh laistigh de mhéid réasúnta ama freisin.

Is iad seo a leanas na torthaí a bheidh ar na hinfheistíochtaí atá beartaithe a dhéanamh sa tseirbhís:

- **Laghdú ar agaí feithimh**
- **Seirbhís nuair a theastaíonn sí uait**
- **Níos mó nasc le cinn scríbe úsáideacha**

## Léarscáileanna den Ghréasán a Léamh

Léirítear ar an léarscáil ar an gcéad leathanach eile an Dréacht-Ghréasán Nua i Luimneach. Amhail i gcás na leathanach roimhe, **is don mhinicíocht a sheasann na dathanna bealaigh**.

Seasann **dearg** do sheirbhís mhinic, áit a dtagann bus gach 15 nóiméad nó níos minice ag meán lae ar laethanta le linn na seachtaine, agus seasann **dúdhearg** do sheirbhís a thagann gach 10 nóiméad nó níos minice.


Seasann **corcra** do bhealaí a thagann gach 20 nóiméad. Tagann bealaí **dúghorma** gach 30 nóiméad agus tagann bealaí **bánghorma** gach 60 nóiméad.

## Uimhreacha Bealaigh

**Tá na huimhreacha bealaigh sa ghréasán seo difriúil le haon uimhreacha bealaigh atá ann cheana.** Soláthraítear na huimhreacha nua sin chun nach mbeidh aon mhearbhall ann idir iad agus na huimhreacha seirbhíse atá ann cheana. Ní uimhreacha deiridh iad, agus is féidir go n-athrófar iad sula gcuirfear an Gréasán Nua Deiridh i bhfeidhm.

## Bealaí a Scoilteadh ina gCraobhacha


Dhéanfaí roinnt bealaí sa Dréacht-Ghréasán Nua a scoilteadh ag a gceann. Tá sé sin léirithe mar a leanas ar na léarscáileanna:




**Ní cómhalartú é sin. Tagann na busanna ar na bealaí corcra (nó gorma) le chéile chun an bealach dearg a chruthú.**

Mar shampla, tá Bealach 4 comhdhéanta de Bhealach 4A agus de Bhealach 4B. Tagann Bealach 4A (ó Bhóthar an Athar Ruiséil) agus Bealach 4B (ó Eastát Tionscail an Ráithín) le chéile ag timpeallán an Ráithín. Leanann gach ceann de bhusanna 4A agus 4B ar aghaidh go Lár na Cathrach agus go hOllscoil Luimnigh. Scoilteann siad ó chéile an athuair i gCaladh an Treoigh, áit a leanann busanna 4A ar aghaidh ar Bhóthar Pháirc Plassey agus a leanann busanna 4B ar aghaidh go Bóthar Chill Mhuire agus go Bóthar Choláiste Chaladh an Treoigh.

# Léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua




# An tSeirbhís Bheartaithe i Lár na Cathrach

D'fhreastalódh gach bealach sa Dréacht-Ghréasán Nua ar Lár na Cathrach. Amhail i gcás an ghréasáin atá ann cheana, thiocfadh roinnt bealaí chun deiridh ansin. Mar sin féin, rachadh an chuid is mó díobh tríd an gcathair agus thaistealódh siad trasna na cathrach.

A mhéid ab fhéidir, chomhdhlúthófaí an tseirbhís ina conair aonair ó thuaidh-ó dheas ar Shráid Uí Chonaill agus ina conair soir-siar ar Shráid Liam (soir) agus ar Shráid an Róistigh (siar). Dá bhrí sin, bheadh na príomhphointí cómhalartaithe le haghaidh taisteal traschathrach suite i ngar do na hacomhail idir iad seo a leanas:

- **Sráid Uí Chonaill agus Sráid Liam**, idir busanna ó thuaidh-ó dheas agus busanna soir.
- **Sráid Uí Chonaill agus Sráid an Róistigh**, idir busanna ó thuaidh-ó dheas agus busanna siar.

Dá ainneoin sin, beidh sé riachtanach cúrsaíocht carranna agus an tosaíocht bus a athbhreithniú chun gur féidir seirbhísí a oibriú go hiontaofa ar Shráid Uí Chonaill, ar Shráid Phádraig, ar Shráid an Róistigh agus ar Shráid Liam. Chomhoibreodh an tÚdarás agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le chéile ar an athbhreithniú sin mar chuid de phróiseas BusConnects.



# Tionchair ar Phointí Rochtana go Lár na Cathrach

## Stáisiún Cholbaird

Is é Stáisiún Cholbaird an príomhnasc atá ag Luimneach le seirbhísí iompair réigiúnacha agus náisiúnta. D'fhreastalódh na bealaí seo a leanas air sa Dréacht-Ghréasán Nua:

- **Bealach 1** agus a chraobhacha, gach 15 nóiméad go hOspidéal Ollscoile Luimnigh, go Tuar an Daill, go Bóthar de hÍde agus go Bóthar an Chorrbhaile.
- **Bealach 3** agus a chraobhacha, gach 15 nóiméad go Páirc Uí Mháille, go Páirc Sheáin Carew, go Baile an Róistigh, go Bóthar Shíol Bhroin, go Maigh Rois agus go Crois Ó Cuanach.
- **Bealach 11**, gach 60 nóiméad go Baile Uí Neachtain.
- **Bealach 12**, gach 60 nóiméad go Bóthar Condell agus go hIonad Siopadóireachta Jetland.
- **Bealaí 13 agus 14**, gach 60 nóiméad go dtí an Pairtín, go Firhill agus go hArd na Croise.

Bheadh sé riachtanach 400 méadar a shiúl go Sráid Uí Chonaill nó go Sráid Liam Uachtarach chun teacht ar sheirbhísí go limistéir eile. D'áireofaí leo sin Ollscoil Luimnigh, a bheadh insroichte trí Bhealach 2 (gach 15 nóiméad) ar Shráid Liam Uachtarach agus trí Bhealach 4 (gach 10 nóiméad) ar Shráid Uí Chonaill.

## Droichead an tSáirséalaigh

Ba ar Dhroichead an tSáirséalaigh a d'iomprófaí gach bus áitiúil ón iarthuaisceart, lena n-áirítear:

- **Bealach 2** agus a chraobhacha, gach 15 nóiméad, agus iad ag teacht ó Sheanbhóthar na Creatalaí.
- **Bealach 3** agus a chraobhacha, gach 15 nóiméad, agus iad ag teacht ó Mhaigh Rois.
- **Bealach 6**, gach 30 nóiméad ó Bhóthar na hInse.
- **Bealach 11**, gach 60 nóiméad ó Bhaile Uí Neachtain.
- **Bealach 12**, gach 60 nóiméad ó Bhóthar Condell.
- **Bealach 14**, gach 60 nóiméad ón bPairtín agus ó Ard na Croise.

Is féidir, mar gheall ar an méadú sa líon busanna ar an droichead sin, go mbeidh sé riachtanach patrúin chúrsaíochta carranna a athbhreithniú chun oibriú iontaofa busanna a chinntiú agus chun plódú carrthráchta nua a íoslaghdú. Is féidir go n-áireofar leis sin na conairí roghnaithe carranna a athródú go Droichead na Sionainne nó go Droichead Thuamhan.

## Droichead Mhaitiú

Bheadh méadú ann sa líon busanna ar Dhroichead Mhaitiú freisin, mar gheall ar an minicíocht mhéadaithe go Bóthar an Chorrbhaile (**Bealach 1**, gach 15 nóiméad), go Páirc Mhuire (**Bealach 5**, gach 30 nóiméad) agus go hArd na Croise (**Bealach 13**, gach 50 nóiméad) agus uathu araon.

Cé nach dóigh, mar thoradh ar na leibhéil mhinicíochta sin, go mbeidh sé riachtanach bearta tosaíochta bus a chur i bhfeidhm ar an droichead, is féidir, mar thoradh ar aon athruithe a bheidh ag teastáil ar Shráid Phádraig nó ar Ché Charlotte, go mbeidh sé riachtanach roinnt conairí carranna a athródú go Droichead na Mainistreach nó go Droichead Bhál.

## Cé Charlotte


Bhainfeadh an chonair is minice agus is dírí idir Lár na Cathrach agus Ollscoil Luimnigh (**Bealach 4**, gach 10 nóiméad) úsáid as Sráid Phádraig, as Cé Charlotte agus as Sráid an Chláir. Ghearrfadh sé sin idir 5 nóiméad agus 10 nóiméad den aga taistil idir Ollscoil Luimnigh agus Lár na Cathrach.


Mar sin féin, chun seirbhís áitiúil mhinic uile-lae a thabhairt isteach sa limistéar sin, tá seans an-mhaith ann faoi láthair go mbeidh sé riachtanach stadanna nua bus a sholáthar agus roinnt athruithe a dhéanamh ar chumraíocht na sráideanna.

# An tSeirbhís Bheartaithe ag Ollscoil Luimnigh

Tar éis Lár na Cathrach, is é Ollscoil Luimnigh an dara ceann scríbe iompair phoiblí is tábhachtaí i Luimneach. Leis an Dréacht-Ghréasán Nua, mhéadófaí go mór an tseirbhís sa limistéar sin, á fhágáil go mbeadh sé níos gasta taisteal chuig a lán áiteanna i Luimneach (féach leathanach 96). D'áireofaí na nithe seo a leanas leis an tseirbhís ag Ollscoil Luimnigh:

- **Bealach 4**, gach 10 nóiméad. Bheadh sé sin ar an gconair is gasta, is minice agus is dírí ón gcampas go Lár na Cathrach agus Tuar an Daill, trí Bhóthar Bhaile Átha Cliath agus trí Shráid an Chláir.
- Sa treo soir, scoiltfeadh Bealach 4 isteach go **Bealach 4A** agus go **Bealach 4B**, a mbeadh minicíocht 20 nóiméad ag an dá cheann díobh, agus seirbhís á soláthar d'áiteanna i gCaladh an Treoigh agus in Áth an Choite.
- **Bealach 2**, gach 15 nóiméad. Nascfadh an bealach seo an campas thuaidh, an campas láir agus an tithíocht do mhic léinn ar Bhóthar na Grúdan, agus leanfadh sé ar aghaidh go háiteanna siopadóireachta agus seirbhísí ar Bhóthar Childers agus i Lár na Cathrach. Sholáthródh an bealach sin seirbhís dhíreach go hOllscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Maoilis, agus go Cathair Dháibhín freisin.
- **Bealach 6**, gach 30 nóiméad. Sholáthródh sé sin seirbhís ón gcampas go limistéir atá laisteas de Bhóthar Bhaile Átha Cliath. Leanfadh sé ar aghaidh go Lár na Cathrach agus go Bóthar na hInse freisin.




Chun é sin a dhéanamh, bheadh sé riachtanach dhá athrú thábhachtacha a dhéanamh ar chúrsaíocht bus:

- **Bheadh saoráid nua a bheadh lonnaithe as Bóthar Pháirc Plassey** ar phríomhstad bus an champais. Bheadh sé sin ar an láthair ceann turais le haghaidh Bhealach 6 freisin.
- **Cúrsaíocht bus dhá threo ar roinnt bóithre campais**, chun cur ar chumas Bhealach 2 an campas thuaidh a shroicheadh.


Bheadh rochtain ó Ollscoil Luimnigh ar Stáisiún Cholbaird ag brath ar Bhealaí 2 agus 4. Bheadh fad siúil 400 méadar ann i Lár na Cathrach idir an stáisiún traenach agus an stad bus is gaire. D'fhéadfadh paisinéirí nach bhfuil in ann an fad sin a shiúl leas a bhaint as ceann ar bith de na bealaí a stopann ag Stáisiún Cholbaird (féach leathanach 77) chun cómhalartú le Bealach 4 i Sráid Uí Chonaill.

# Seirbhís chuig Níos Mó Limistéar

Leis an Dréacht-Ghréasán Nua, sholáthrófaí seirbhís uile-lae ina lán limistéar nach mbítear ag freastal orthu ar chor ar bith faoi láthair nó nach mbítear ag freastal orthu ach dornán uaireanta sa lá faoi láthair. Áirítear leo sin:

- **Bóthar na hInse**
- **Bóthar an Duga**
- **Bóthar Condell**
- **Eastát Tionscail an Ráithín**
- **Bóthar Mhuileann na Fola**
- **Ollscoil Luimnigh, an campas thuaidh**
- **Ard na Croise, an Pairtín agus Firhill**
- **Bóthar Thuar an Daill**, idir Bóthar Neasáin agus Bóthar na Maoilchearna
- **Bóthar Pháirc Plassey**, idir Plásóga na Darach agus Áth an Choite.

Toradh eile a bheadh ar an Dréacht-Ghréasán Nua ba ea go mbainfí seirbhís de roinnt bóithre. Ina lán cásanna, chuirfeadh sé sin seirbhís dhá threo ar bhóthar aonair in ionad seirbhís aontreo ar dhá bhóthar. Áirítear leo sin: Ascaill Brookville; Bóthar Thobar na Pingine; Sráid an Tiarna Éadbhard; Bóthar na Maoilchearna; agus codanna de Bhóthar Bhéal Átha Síomoin; de Bhóthar Childers; de Pháirc Sheáin Carew; de Pháirc Uí Mháille; agus de Bhóthar Phádraig.



# Léarscáil de Limistéir atá laistigh de 400 m ó Sheirbhís Bheartaithe


**Mar thoradh ar an Dréacht-Ghréasán Nua, mhéadófaí ó 53% go 61% an sciar de chónaitheoirí atá laistigh de thuras 400 méadar de shiúl na gcos ó stad bus.**

Is féidir go mbeidh cuma ar an scéal gur méadú measartha beag é sin, i bhfianaise na limistéar nua a chumhdófaí. Is iad seo a leanas na cúiseanna leis an méadú beag sin:


1. Cuireann limistéir cul-de-sac agus ballaí idir eastáit teorainn leis an líon áiteanna atá laistigh de thuras gearr de shiúl na gcos ó phríomhbhóithre.


2. Cuireann bóithre cúnga agus droichid chúnga teorainn leis an líon áiteanna ar féidir le busanna oibriú ar chor ar bith.


3. Is gá spásáil stadanna bus a athbhreithniú i roinnt limistéar. Dhéanfaí an t-athbhreithniú sin i gcomhthráth le cur chun feidhme an ghréasáin nua.



# Mionsonraí Áitiúla




## An Chuid Thiar Thuaidh


- D'fhreastalódh Bealach 2 ar Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Maoilis, gach 15 nóiméad. Scoiltfeadh sé isteach go Bealach 2A go hIonad Siopadóireachta Chrois Ó Cuanach agus isteach go Bealach 2B go hIonad Siopadóireachta Jetland.
- D'fhreastalódh Bealach 3 ar Bhóthar Shíol Bhroin, ar Bhóthar Chill Liaile agus ar Mhaigh Rois gach 15 nóiméad.
- D'fhreastalódh Bealach 6 ar Bhóthar na hInse gach 30 nóiméad.
- D'fhreastalódh Bealach 11 ar limistéir de Bhaile Uí Neachtain agus de Mhaigh Rois gach 60 nóiméad, agus é ag dul níos faide ná Bealach 3.
- D'fhreastalódh Bealach 12 ar Bhóthar Condell gach 60 nóiméad.
- Mar thoradh ar an mBóthar Dáileacháin Thuaidh a thógáil, bheadh Bealaí 2A agus 3 in ann síneadh go hIonad Siopadóireachta Chrois Ó Cuanach.
- Rachadh Bealaí 2 agus 6 thar Lár na Cathrach agus leanfadh siad ar aghaidh go hOllscoil Luimnigh.

## An Chuid Thoir Thuaidh

- Nascfadh Bealach 4 Lár na Cathrach le hOllscoil Luimnigh. D'oibreodh sé gach 10 nóiméad trí Shráid an Chláir agus trí Bhóthar Bhaile Átha Cliath.
- D'fhreastalódh Bealach 1 ar Bhóthar an Chorrbhaile gach 15 nóiméad. Rachadh sé thar Lár na Cathrach agus leanfadh sé ar aghaidh go Bóthar de hÍde, go Tuar an Daill agus go hOspidéal Ollscoile Luimnigh.
- Scoiltfeadh Bealach 1 isteach ina thrí chraobh. D'fhreastalódh Bealach 1A ar Bhruach na Sionainne gach 30 nóiméad. D'fhreastalódh Bealach 1B agus Bealach 1C ar chodanna difriúla de Westbury gach 60 nóiméad.
- D'fhreastalódh Bealach 5 ar Pháirc Mhuire gach 30 nóiméad. Rachadh sé thar Lár na Cathrach agus leanfadh sé ar aghaidh go Bóthar an Duga, go Mungairit agus go hEastát Tionscail an Ráithín.
- D'fhreastalódh Bealach 6 ar Gharraí Eoin gach 30 nóiméad. Rachadh sé thar Lár na Cathrach agus leanfadh sé ar aghaidh go Bóthar na hInse.


## I bhFad Ó Thuaidh

- D'fhreastalódh Bealach 13 ar Firhill agus Ard na Croise go Lár na Cathrach gach 60 nóiméad tríd an R463.
- D'fhreastalódh Bealach 14 ar an bPairtín agus Ard na Croise go Lár na Cathrach gach 60 nóiméad tríd an R464. Bheadh stad faoi fhad siúil de Pháirc Thuamhan agus d'Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Maoilis, ar áireamh ann.
- Bheadh Bealaí 13 agus 14 sceidealaithe ar shlí a bhfágfadh go soláthrófaí bus idir Ard na Croise agus Lár na Cathrach thart ar gach 30 nóiméad.





## An Chuid Thiar Theas

- Nascfadh Bealach 4 Lár na Cathrach le hOspidéal Ollscoile Luimnigh trí Ascaill Uí Chonaill agus trí Bhóthar Neasáin gach 10 nóiméad. Scoiltfeadh sé isteach go Bealach 4A go Bóthar an Athar Ruiséil agus isteach go Bealach 4B go hEastát Tionscail an Ráithín.
- Sholáthródh Bealach 4 seirbhís dhíreach idir an limistéar sin agus Ollscoil Luimnigh freisin.
- Sholáthródh Bealach 1 seirbhís ó Ospidéal Ollscoile Luimnigh, trí na limistéir chónaithe de Thuar an Daill, go Bóthar de hÍde agus go Lár na Cathrach. Rachadh sé thar Lár na Cathrach agus leanfadh sé ar aghaidh go Bóthar an Chorrbhaile.
- Sholáthródh Bealach 5 seirbhís nua gach 30 nóiméad ar Bhóthar an Duga agus trí Mhungairit go hEastát Tionscail an Ráithín. Chríochnódh sé ag Ospidéal Ollscoile Luimnigh.




## An Chuid Thoir Theas agus an Chuid Thoir Istigh

- Sholáthródh Bealach 2 seirbhís gach 15 nóiméad ar Shráid Mulgrave agus ar Bhóthar Mhuileann na Fola. Leanfadh an tseirbhís ar aghaidh go hOllscoil Luimnigh, agus í ag dul soir. Agus é ag dul siar, nascfadh an bealach sin an limistéir le Lár na Cathrach agus le hOllscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Maoilis.
- Sholáthródh Bealach 3 seirbhís go hAscaill Cholbaird, go Páirc Sheáin Carew agus go Páirc Uí Mháille gach 15 nóiméad. Scoiltfeadh sé isteach go Bealach 3A go Bóthar an Bháin Mhóir agus isteach go Bealach 3B go Bóthar Chill Mocheallóg.
- Ba lú an líon malairtí slí agus scoilteanna a bheadh ann ar Bhealach 3 ná an líon atá ann ar an tseirbhís atá ann cheana toisc go n-oibreodh sé sa dá threo ar na sráideanna thuaidh de Pháirc Sheáin Carew agus de Pháirc Uí Mháille. D'fhreastalódh sé ar Aldi agus ar Ionad Siopadóireachta Bhaile an Róistigh freisin trí stad a bheadh suite in aice le hÓstán Maldron.




## An Chuid Thoir

- Nascfadh Bealach 4 Áth an Choite agus Ollscoil Luimnigh le Lár na Cathrach gach 10 nóiméad. Scoiltfeadh sé isteach go Bealach 4A ar Bhóthar Pháirc Plassey agus isteach go Bealach 4B ar Bhóthar Chill Mhuire agus ar Bhóthar Choláiste Chaladh an Treoigh. Rachadh sé thar Lár na Cathrach agus leanfadh sé ar aghaidh go hOspidéal Ollscoile Luimnigh.
- Nascfadh Bealach 2 campas thuaidh Ollscoil Luimnigh le Lár na Cathrach gach 15 nóiméad trí Bhóthar na Grúdan, trí Bhóthar Mhuileann na Fola agus trí Shráid Mulgrave. Rachadh sé thar Lár na Cathrach agus leanfadh sé ar aghaidh go hOllscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Maoilis.
- Sholáthródh Bealach 6 seirbhís gach 30 nóiméad ar Bhóthar an Mhachaire Gailf, ar Bhóthar Theach na Scoile, ar Bhóthar Chill Mhuire agus ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath. Nascfadh sé le hOllscoil Luimnigh agus le Lár na Cathrach araon.
- Bheadh gach bealach sa limistéar seo deartha chun seirbhís dhá threo a sholáthar. Bheifí in ann é sin a dhéanamh tríd an mbealach isteach go dtí an stáisiún bus nua ag Ollscoil Luimnigh, rud a d'fhágfadh nach mbeadh ar bhusanna an campas a thrasnú in aon treo amháin a thuilleadh.

# Tuairisc de réir an Bhealaigh

Sa tábla ar an leathanach seo, tugtar tuairisc théacsúil mhionsonraithe ar gach bealach agus craobh atá beartaithe sa Dréacht-Ghréasán Nua.

Léirítear sna minicíochtaí a thuairiscítear sa tábla seo an íosmhinicíocht a sholáthraítear ar laethanta le linn na seachtaine idir 7 am agus 8 pm.

D'oibreodh na bealaí uile a bhfuil dath dearg nó dúdhearg orthu gach 15 nóiméad nó níos minice ó 7 am go dtí 8 pm ar an Satharn agus ó 9 am go dtí 8 pm ar an Domhnach freisin.

Soláthraítear ar na leathanaigh seo a leanas na mionsonraí iomlána faoi mhinicíochtaí bealaigh agus craoibhe ag amanna difriúla den lá.

| Bealach | Ó | Trí | Go | Minicíocht |
|---|---|---|---|---|
| 1 | **Ospidéal Ollscoile Luimnigh** | Bóthar Neasáin - Bóthar Avonmore - Bóthar Bhaile Choimín - Bóthar Thuar an Daill - Ionad Siopadóireachta an Chorráin - Bóthar Bhéal Átha na Cora - Bóthar de hÍde - Stáisiún Cholbaird - Sráid Mhala - Lár na Cathrach - Sráid Áth Longfoirt - Bóthar an Chorrbhaile | **Áth Longfoirt** | Gach 15 nóiméad |
| 1A | **Ospidéal Ollscoile Luimnigh** | Bóthar Neasáin - Bóthar Avonmore - Bóthar Bhaile Choimín - Bóthar Thuar an Daill - Ionad Siopadóireachta an Chorráin - Bóthar Bhéal Átha na Cora - Bóthar de hÍde - Stáisiún Cholbaird - Sráid Mhala - Lár na Cathrach - Sráid Áth Longfoirt - Bóthar an Chorrbhaile - Ascaill Áth Longfoirt - Céide Chois Abhann | **Bruach na Sionainne** | Gach 30 nóiméad |
| 1B | **Ospidéal Ollscoile Luimnigh** | Bóthar Neasáin - Bóthar Avonmore - Bóthar Bhaile Choimín - Bóthar Thuar an Daill - Ionad Siopadóireachta an Chorráin - Bóthar Bhéal Átha na Cora - Bóthar de hÍde - Stáisiún Cholbaird - Sráid Mhala - Lár na Cathrach - Sráid Áth Longfoirt - Bóthar an Chorrbhaile - Garrán Annaville | **Westbury trí Gharrán Annaville** | Gach 60 nóiméad |
| 1C | **Ospidéal Ollscoile Luimnigh** | Bóthar Neasáin - Bóthar Avonmore - Bóthar Bhaile Choimín - Bóthar Thuar an Daill - Ionad Siopadóireachta an Chorráin - Bóthar Bhéal Átha na Cora - Bóthar de hÍde - Stáisiún Cholbaird - Sráid Mhala - Lár na Cathrach - Sráid Áth Longfoirt - Bóthar an Chorrbhaile - Céide Crofton | **Westbury trí Chéide Crofton** | Gach 60 nóiméad |
| 2 | **Maoilis** | Seanbhóthar na Creatalaí - Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Maoilis - Sráid Uí Sheasnáin - Trá Mhic Fhlanncha - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach - Sráid Mulgrave - Bóthar Childers - Bóthar Mhuileann na Fola - Bóthar na Grúdan - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Milford - Ollscoil Luimnigh - Droichead na hOllscoile | **Campas Thuaidh Ollscoil Luimnigh** | Gach 15 nóiméad |
| 2A | **Ionad Siopadóireachta Ó Cuanach** | Bóthar Dáileacháin Ó Cuanach/Chnoc an Lisín - Seanbhóthar na Creatalaí - Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Maoilis - Sráid Uí Sheasnáin - Trá Mhic Fhlanncha - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach - Sráid Mulgrave - Bóthar Childers - Bóthar Mhuileann na Fola - Bóthar na Grúdan - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Milford - Ollscoil Luimnigh - Droichead na hOllscoile | **Campas Thuaidh Ollscoil Luimnigh** | Gach 30 nóiméad |
| 2B | **Ionad Siopadóireachta Jetland** | Bóthar Derravarragh - Céide Sheelin - Whitethorn Drive Upper - Seanbhóthar na Creatalaí - Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Maoilis - Sráid Uí Sheasnáin - Trá Mhic Fhlanncha - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach - Sráid Mulgrave - Bóthar Childers - Bóthar Mhuileann na Fola - Bóthar na Grúdan - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Milford - Ollscoil Luimnigh - Droichead na hOllscoile | **Campas Thuaidh Ollscoil Luimnigh** | Gach 30 nóiméad |
| 3 | **Ionad Siopadóireachta Ó Cuanach** | Bóthar Dáileacháin Ó Cuanach/Chnoc an Lisín - Ascaill Mhaigh Rois - Bóthar Chill Liaile - Bóthar Shíol Bhroin - Bóthar na hInse - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach - Stáisiún Cholbaird - Bóthar Uí Chiara Uachtarach - Bóthar Bhaile an Róistigh - Ascaill Mhuire | **Páirc Uí Mháille** | Gach 15 nóiméad |
| 3A | **Ionad Siopadóireachta Ó Cuanach** | Bóthar Dáileacháin Ó Cuanach/Chnoc an Lisín - Ascaill Mhaigh Rois - Bóthar Chill Liaile - Bóthar Shíol Bhroin - Bóthar na hInse - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach - Stáisiún Cholbaird - Bóthar Uí Chiara Uachtarach - Bóthar Bhaile an Róistigh - Ascaill Mhuire - Páirc Uí Mháille | **An Bán Mór** | Gach 30 nóiméad |
| 3B | **Ionad Siopadóireachta Ó Cuanach** | Bóthar Dáileacháin Ó Cuanach/Chnoc an Lisín - Ascaill Mhaigh Rois - Bóthar Chill Liaile - Bóthar Shíol Bhroin - Bóthar na hInse - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach - Stáisiún Cholbaird - Bóthar Uí Chiara Uachtarach - Bóthar Bhaile an Róistigh - Ascaill Mhuire - Páirc Uí Mháille - Bóthar Chill Mocheallóg | **An Sráidbhaile Seoirseach** | Gach 30 nóiméad |
| 4 | **Eaglais Neasáin** | Bóthar Neasáin - Bóthar Bhéal Átha na Cora - Ascaill Uí Chonaill - Lár na Cathrach - Cé Charlotte - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Pháirc Plassey | **Ollscoil Luimnigh** | Gach 10 nóiméad |
| 4A | **Bóthar an Athar Ruiséil** | R510 - Bóthar Neasáin - Bóthar Bhéal Átha na Cora - Ascaill Uí Chonaill - Lár na Cathrach - Cé Charlotte - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Pháirc Plassey - Ollscoil Luimnigh - Bóthar Pháirc Plassey | **Áth an Choite trí Bhóthar Pháirc Plassey** | Gach 20 nóiméad |
| 4B | **Eastát Tionscail an Ráithín** | Ascaill Chloch an Chéitinnigh - Bóthar Neasáin - Bóthar Bhéal Átha na Cora - Ascaill Uí Chonaill - Lár na Cathrach - Cé Charlotte - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Pháirc Plassey - Ollscoil Luimnigh - Ionad Siopadóireachta Chaladh an Treoigh - Bóthar Choláiste Chaladh an Treoigh | **Áth an Choite trí Bhóthar Choláiste Chaladh an Treoigh** | Gach 20 nóiméad |
| 5 | **Ospidéal Ollscoile Luimnigh** | Bóthar Neasáin - Eastát Tionscail an Ráithín - Roches Avenue - Nascbhóthar Mhungairit - Páirc Mhungairit - Bóthar Mhungairit - R510 - Bóthar an Duga - Áth na bhFuinseog - Ascaill na Cúirte Brice - Bóthar an Duga - Sráid Uí Chonaill - Bóthar an Oileáin | **Páirc Mhuire** | Gach 30 nóiméad |
| 6 | **Ionad Siopadóireachta Ó Cuanach** | Bóthar na hInse - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach - Plás na hArdeaglaise - Bóthar Gharraí Eoin - Bóthar Chlocháin Theas - Dún Chlocháin - Bóthar Phádraig - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar an Mhachaire Gailf - Bóthar Theach na Scoile - Ionad Siopadóireachta Chaladh an Treoigh - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Milford | **Ollscoil Luimnigh** | Gach 30 nóiméad |
| 11 | **Gairdíní an tSáirséalaigh** | Bóthar Chill Liaile - Ascaill Mhaigh Rois - Bóthar Mhóin na mBráthar - Bóthar na Seanbhuaile - Ascaill Uí Ógáin - Ascaill Uí Cheallacháin - An Bóthar Ard - Trá Mhic Fhlanncha - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach | **Stáisiún Cholbaird** | Gach 60 nóiméad |
| 12 | **Ionad Siopadóireachta Jetland** | R857 - Bóthar Condell - Bóthar Shíol Bhroin - Bóthar na hInse - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach | **Stáisiún Cholbaird** | Gach 60 nóiméad |
| 13 | **Stáisiún Cholbaird** | Sráid Mhala - Sráid Uí Chonaill - Sráid an Droichid - Sráid Áth Longfoirt - Bóthar an Chorrbhaile - Crois Uí Chonchúir - Crois na Dubhabhann - Arda na Leathchoille | **Ard na Croise trí Bhóthar an Chorrbhaile** | Gach 60 nóiméad |
| 14 | **Stáisiún Cholbaird** | Lár na Cathrach - Droichead an tSáirséalaigh - Bóthar na hInse - Bóthar Shíol Bhroin - Bóthar Chill Liaile - An Pairtín - Crois Uí Chonchúir - Crois na Dubhabhann - Arda na Leathchoille | **Ard na Croise trí Bhóthar Chill Liaile agus tríd an bPairtín** | Gach 60 nóiméad |

*Tá an mhinicíocht ag meán lae léirithe sa tábla. Is féidir go mbeidh seirbhísí níos minice le linn buaicuaireanta. Ní bheidh siad chomh minic céanna ag an deireadh seachtaine/sa tráthnóna.

# Minicíochtaí Mionsonraithe agus Uaireanta Seirbhíse

**Tugtar sa ghrafaic thíos minicíochtaí mionsonraithe de réir an lae agus de réir an ama le haghaidh na mbealaí uile atá beartaithe sa Dréacht-Ghréasán Nua.**

Sholáthrófaí seirbhís ar an gcuid is mó de bhealaí ó 6 am go meán oíche ar laethanta le linn na seachtaine agus ó 7 am go meán oíche ar an Domhnach.


D'oibreodh Bealaí Minice (1, 2, 3 agus 4) gach 15 nóiméad nó níos minice ó 7 am go dtí 8 pm ar laethanta le linn na seachtaine agus ar an Satharn agus ó 9 am go dtí 8 pm ar an Domhnach.

D'oibreodh craobhacha de bhealaí minice ag leath mhinicíocht an phríomhbhealaigh de ghnáth.

D'oibreodh Bealaí 5 agus 6, ar bealaí 30 nóiméad iad, gach 30 nóiméad agus iad i seirbhís.

Ba lú na huaireanta seirbhíse a bheadh ag Bealaí 11, 12, 13 agus 14, ar bealaí 60 nóiméad iad, ná na huaireanta seirbhíse a bheadh ag bealaí níos minice. D'oibreodh siad seacht lá sa tseachtain fós, áfach.

### Bealaí uirbeacha bus Luimnigh — Minicíochtaí Seirbhíse* — An Dréacht-Ghréasán




**Nótaí**

* Níl seirbhís go Caisleán Uí Chonaill, go Sionainn agus go hInis ar áireamh sa staidéar seo. Tá leasuithe á n-iniúchadh tríd an Scéim 'Éire a Nascadh' de chuid TFI.


[1] Bíonn minicíocht 15 nóiméad ag Bealach 4, in ionad minicíocht 10 nóiméad a bheith aige. Bíonn minicíocht 30 nóiméad ag Bealaí 4A agus 4B, in ionad minicíocht 20 nóiméad a bheith acu

# Seirbhís 24 hUaire an Chloig ar Bhealach 4 atá Beartaithe

**Maidir le Bealach 4 atá beartaithe, rud a nascfadh Ospidéal Ollscoile Luimnigh, Lár na Cathrach agus Ollscoil Luimnigh, sholáthródh sé seirbhís ar fud an lae agus ar fud na hoíche.**

D’oibreodh Bealach 4 ag leibhéal níos airde seirbhíse ná bealaí eile ag formhór na n-amanna eile, lena n-áirítear seirbhís gach 10 nóiméad ó 7 am go dtí 8 pm ar laethanta le linn na seachtaine.

Sholáthrófaí seirbhís go mall san oíche gach 60 nóiméad ar chraobh 4B ó mheán oíche go dtí 6 am. D’fhreastalódh an tseirbhís sin ar roinnt limistéar a mbíonn gníomhaíocht san oíche acu, lena n-áirítear Eastát Tionscail an Ráithín, Ospidéal Ollscoile Luimnigh, Lár na Cathrach, agus Ollscoil Luimnigh.





# 6 Comparáidí Samplacha: An Gréasán atá ann cheana vs. an Dréacht-Ghréasán Nua

# Am Lae ar Lá le linn na Seachtaine

Go Luath | Maidin | 12-1 PM | Meán Lae | Iarnóin | Tráthnóna | Go Mall

Teastaíonn ó chuid mhór daoine taisteal ar fud an lae, de bhreis ar an maidin agus an tráthnóna, cibé acu a bhíonn siad ag teacht abhaile ó sheal luath, ag fágáil na hoibre nó na scoile go luath, ag dul chuig cruinniú nó ag déanamh teachtaireachtaí.




## Eochair na léarscáile:

**Tagann an bus thart gach ...**

- 10 nóiméad
- 15 nóiméad
- 20 nóiméad
- 30 nóiméad
- 60 nóiméad
- Tréimhse is faide ná 60 nóiméad


## Eochair an ghraif:


**Faoi fhad siúil 400 m de bhusanna a thagann thart gach**

| **15** nóiméad nó níos minice | **20** nóiméad | **30** nóiméad | **40-60** nóiméad | **60+** nóiméad | Níos mó ná 400 m ó sheirbhís |
|---|---|---|---|---|---|

Léirítear sa ghraf ar chlé an céatadán de chónaitheoirí agus de phoist sa limistéar staidéir atá lonnaithe inniu faoi fhad siúil 400 méadar den iompar poiblí, agus minicíocht an iompair phoiblí, ag am lae ar laethanta le linn na seachtaine.

Léirítear sa ghraf ar dheis an tomhas céanna don Dréacht-Ghréasán Nua.





# An Tráthnóna ar Lá le linn na Seachtaine

| Go Luath | Maidin | Meán Lae | Iarnóin | Tráthnóna | 9-10 PM | Go Mall |
|---|---|---|---|---|---|---|


**Cé gurb annamh a fhaigheann seirbhís sa tráthnóna agus san oíche an oiread céanna pátrúnachta le seirbhís le linn am lae, is cuid thábhachtach den ghréasán í toisc go gcumasaíonn sí do dhaoine brath ar an iompar poiblí do thurais ag aon am den lá.**





Cónaitheoirí





Poist





Teaghlaigh gan Charr




Cónaitheoirí i Limistéir Dhíothacha




Cónaitheoirí Sinsearacha




## Eochair na léarscáile:

**Tagann an bus thart gach ...**

- 10 nóiméad
- 15 nóiméad
- 20 nóiméad
- 30 nóiméad
- 60 nóiméad
- Tréimhse is faide ná 60 nóiméad


## Eochair an ghraif:

**Faoi fhad siúil 400 m de bhusanna a thagann thart gach**


| **15** nóiméad nó níos minice | **20** nóiméad | **30** nóiméad | **40-60** nóiméad | **60+** nóiméad | Níos mó ná 400 m ó sheirbhís |
|---|---|---|---|---|---|

Léirítear sa ghraf ar chlé an céatadán de chónaitheoirí agus de phoist sa limistéar staidéir atá lonnaithe inniu faoi fhad siúil 400 méadar den iompar poiblí, agus minicíocht an iompair phoiblí, sa tráthnóna ar laethanta le linn na seachtaine.


Léirítear sa ghraf ar dheis an tomhas céanna don Dréacht-Ghréasán Nua.





Cónaitheoirí





Poist





Teaghlaigh gan Charr





Cónaitheoirí i Limistéir Dhíothacha





Cónaitheoirí Sinsearacha




# Am Lae ar an Domhnach




**De réir mar a athraíonn traidisiúin ar an Domhnach, bíonn tuilleadh daoine ag iarraidh taisteal chun gach críche. Bíonn sealanna ag an deireadh seachtaine le cur isteach uaireanta i bpoist thionsclaíocha freisin.**




## Eochair na léarscáile:

**Tagann an bus thart gach ...**

- 10 nóiméad
- 15 nóiméad
- 20 nóiméad
- 30 nóiméad
- 60 nóiméad
- Tréimhse is faide ná 60 nóiméad


## Eochair an ghraif:


**Faoi fhad siúil 400 m de bhusanna a thagann thart gach**

| **15** nóiméad nó níos minice | **20** nóiméad | **30** nóiméad | **40-60** nóiméad | **60+** nóiméad | Níos mó ná 400 m ó sheirbhís |
|---|---|---|---|---|---|

Léirítear sa ghraf ar chlé an céatadán de chónaitheoirí agus de phoist sa limistéar staidéir atá lonnaithe inniu faoi fhad siúil 400 méadar den iompar poiblí, agus minicíocht an iompair phoiblí, ag am lae ar an Domhnach.

Léirítear sa ghraf ar dheis an tomhas céanna don Dréacht-Ghréasán Nua.



# 7 Conas a Bheadh an Dréacht-Ghréasán Nua Níos Úsáidí

# Eochairphrionsabal – Níos Mó Rochtana ar Dheiseanna


Ní féidir a thuar cá mhéad duine go díreach a d'fhéadfadh gréasán feabhsaithe bus a úsáid. D'fhéadfadh cinneadh an duine ar cé acu a úsáidfidh nó nach n-úsáidfidh sé nó sí iompar poiblí ar aon lá ar leith a bheith ag brath ar an aimsir, ar phraghsanna peitril, ar phleananna tráthnóna, ar dhearcthaí sábháilteachta agus ar a lán tosca eile.

Mar sin féin, is féidir a thomhas cé acu a mhéadódh nó nach méadódh na hathruithe sa tseirbhís a úsáidí atá an t-iompar poiblí.

**Tá an t-iompar poiblí úsáideach a mhéid a chuireann sé ar chumas daoine dul chuig na háiteanna a dteastaíonn uathu dul chucu, agus déanamh amhlaidh laistigh de thréimhse réasúnach ama. Dá mhéad áit úsáideach is féidir leat a shroicheadh laistigh de thréimhse réasúnach ama is ea is mó an rochtain a bhíonn agat ar dheiseanna.**

Dá bhrí sin, ní hé amháin go méadódh an t-athdhearadh gréasáin an tseirbhís ar mhaithe leis féin amháin ach go ndéanfadh sé amhlaidh go sonrach chun an rochtain ar dheiseanna a uasmhéadú don oiread daoine agus is féidir.

## CAD IS ROCHTAIN ANN?



## Cé na tosca a dhéanann difear don rochtain ar dheiseanna?

Déanann na nithe seo a leanas difear don rochtain ar dheiseanna d'iompar poiblí:

- **Cá mhéad ceann scríbe atá gar don iompar poiblí.**
- **Cá fhad is gá do dhuine taisteal de shiúl na gcos chuig** an tseirbhís agus ón tseirbhís.
- **Cá fhad is gá do dhuine feitheamh** le haghaidh na seirbhíse.
- **Cé chomh fada agus is gá do dhuine taisteal** ar iompar poiblí.
- **Luas na seirbhíse.**
- **Cá fhad is gá do dhuine feitheamh chun cómhalartú idir seirbhísí.**

Tá smacht ag soláthraithe iompair phoiblí ar roinnt de na tosca sin: an t-aga feithimh, an cómhalartú, cé chomh díreach is atá an bealach, cén áit a soláthraítear seirbhís.

Tá níos lú smachta acu, nó níl aon smacht acu, ar thosca eile: luas an iompair phoiblí, achair thaistil, cén áit a bhfuil poist agus tithe lonnaithe. De ghnáth, bíonn na tosca sin faoi smacht na n-údarás áitiúil toisc go mbainistíonn siad úsáid talún, forbairt agus bóithre.

## Agaí Turais a Mheas

Nuair a labhraíonn daoine faoi agaí turais iompair phoiblí, is minic a dhíríonn siad ar an am a chaitear ar an mbus. Áirítear le turais iompair phoiblí freisin an t-am a chaitear ag siúl agus ag feitheamh, ar mó é uaireanta ná an t-am a chaitear ar an bhfeithicil féin.

### Siúl chuig an stad agus uaidh araon

Is trí shiúl a thosaítear agus a chríochnaítear formhór na dturas iompair phoiblí.

### Feitheamh leis an gcéad bhus eile


Ní bhíonn ort feitheamh i dtús do thurais amháin, bíonn ort feitheamh ag deireadh an turais freisin. Cé gur féidir leat an baile a fhágáil tamaillín sula n-imíonn do bhus, tarlaíonn sé, má thagann do bhus go hainmhinic, gur minic gur gá duit rogha a dhéanamh idir do cheann scríbe a shroicheadh go róluath nó go ródhéanach.

Más gá duit cómhalartú, beidh ort feitheamh uair amháin eile.

I gcás an dá chineál feithimh sin, tarlóidh sé ar an meán go gcaithfidh gach paisinéir thart ar aon leath de mhinicíocht na mbealaí atá i gceist ag feitheamh.

### Ar bhord na feithicle

Déanann an fad atá tú ag taisteal agus luas na feithicle araon difear don am a chaitheann tú ar an bhfeithicil. San anailís uainn ar an Dréacht-Ghréasán Nua, bhaineamar úsáid as toimhdí luais choimeádaigh (mhall). Is é an toradh a bheidh ar fheabhsuithe ar luasanna ná go dtiocfaidh méadú ar an rochtain atá ag tuilleadh daoine ar phoist agus ar scoileanna.



# Rochtain Fheabhsaithe ó Phríomhláithreacha

Cuirfear i láthair ar na leathanaigh seo a leanas léarscáileanna ar a léirítear conas a d'athrófaí an rochtain ar na láithreacha is suntasaí i Luimneach leis an Dréacht-Ghréasán Nua. Cumhdaítear iad seo a leanas leis na léarscáileanna sin:

- **Sráid Uí Chonaill agus Sráid Liam,** lár Lár na Cathrach.
- **Stáisiún Cholbaird,** nascphointe Luimnigh leis an iompar poiblí réigiúnach agus náisiúnta.
- **Ollscoil Luimnigh,** an ceann scríbe oideachais is mó sa chathair, agus fostóir suntasach.
- **Ospidéal Ollscoile Luimnigh,** an ceann scríbe fostaíochta is mó lasmuigh de Lár na Cathrach.
- **Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Maoilis,** an dara ceann scríbe oideachais is mó sa chathair.

Tá léarscáileanna le haghaidh a lán láithreacha eile ar fáil mar aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

## Cén cuspóir atá leis na léarscáileanna seo?

Tá sé mar chuspóir leis na léarscáileanna seo na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

- **Cá mhéad áit a d'fhéadfainn a shroicheadh ó gach áit, laistigh de thréimhse réasúnach ama?**
- **Conas a bheadh sé sin difriúil leis na háiteanna a bhféadfainn dul chucu faoi láthair?**

## Toimhdí Intuigthe

**Tá tú ag úsáid iompar poiblí.** Is é feabhas sa ghréasán bus an rud atá á léiriú anseo, in ionad turais de charr nó de rothar a chur i gcomparáid le turais iompair phoiblí.

**Siúlann tú ar mheánluas.** Sna léarscáileanna, glactar le luas siúil atá cothrom le méadar amháin in aghaidh an tsoicind, rud atá measartha mall d'aosach atá sláintiúil agus ar lánchumas. Cuirtear san áireamh ansin nithe ar féidir leo daoine a mhoilliú, amhail trasrianta sráide.

**Beidh an chuid is mó de stadanna bus lonnaithe sna háiteanna céanna ina bhfuil siad lonnaithe faoi láthair.** In áiteanna ina n-athrófaí leis an Dréacht-Ghréasán Nua na sráideanna a bhfreastalófaí orthu, ghlacamar roinnt toimhdí faoi cén áit a mbeadh na stadanna lonnaithe. Murach sin, glactar leis sna léarscáileanna nach mbeadh aon athrú ann ar na stadanna. Is é an toradh atá air sin ná nach ndéantar rómheastachán ar an tairbhe a bhaineann leis an ngréasán a athrú.

**Ar an meán, beidh tú ag feitheamh le bus ar feadh tréimhse ama is ionann agus leath mhinicíocht an bhus**, ar na cúiseanna a míníodh ar an leathanach roimhe. Mar shampla, i gcás go dtiocfaidh an bus gach 15 nóiméad, beidh aga feithimh 7.5 nóiméad agat ar an meán. I gcás go dtiocfaidh an bus gach 30 nóiméad, beidh aga feithimh 15 nóiméad agat ar an meán.

**Taistealóidh busanna ar luasanna atá cosúil leis na luasanna ar a dtaistealaíonn siad faoi láthair.** Is féidir go dtiocfaidh feabhas ar luasanna bus sa todhchaí, a bhuí le bearta tosaíochta bus nó le hathruithe i láithreacha stad bus. Tá sé beartaithe go mbeidh an chuid is mó den ghréasán seo i mbun oibre sula gcuirfear na bearta nó na hathruithe sin i bhfeidhm, áfach. Cinntíonn sé sin freisin nach ndéantar áibhéil faoin tairbhe a bhaineann leis an ngréasán a athrú.

**Beidh tú toilteanach cómhalartú má ghiorraíonn sé sin do thuras ar an iomlán.** Mura bhfuil tú toilteanach turais fhada a dhéanamh de shiúl na gcos, bíonn ort cómhalartú i gcás a lán turas bus i Luimneach faoi láthair. Bheadh sé sin amhlaidh fós. Áireofar le BusConnects Luimnigh deireadh a chur le táillí cómhalartaithe.

**Má chómhalartaíonn tú, beidh ort feitheamh leis an dara bus freisin.** Faoi mar atá amhlaidh i gcás an chéad bhus, beidh d'aga feithimh cothrom le leath mhinicíocht an dara bus ar an meán.

**Tá tú ag taisteal le linn an lae ar lá le linn na seachtaine.** Tá léarscáileanna den chineál céanna ann don Domhnach san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.


# Lár na Cathrach

Cé chomh fada agus a d’fhéadfainn dul ó Shráid Uí Chonaill agus ó Shráid Liam laistigh de thréimhse réasúnach ama?





**Am lae ar laethanta le linn na seachtaine**

**30 nóiméad**




**45 nóiméad**




# Stáisiún Cholbaird

Cé chomh fada agus a d'fhéadfainn dul ó Stáisiún Cholbaird laistigh de thréimhse réasúnach ama?


**Am lae ar laethanta le linn na seachtaine**




## 30 nóiméad




## 45 nóiméad




# Ollscoil Luimnigh

Cé chomh fada agus a d'fhéadfainn dul
ó stad Shaol na Mac Léinn, Ollscoil Luimnigh,
laistigh de thréimhse réasúnach ama?





**Am lae ar laethanta le linn na seachtaine**

## 30 nóiméad




## 45 nóiméad




# Ospidéal Ollscoile Luimnigh

Cé chomh fada agus a d'fhéadfainn dul ón Ospidéal Réigiúnach (Ospidéal Ollscoile Luimnigh) laistigh de thréimhse réasúnach ama?





**Am lae ar laethanta le linn na seachtaine**

## 30 nóiméad




## 45 nóiméad




# Campas Mhaoilis d'Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne
## (Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh roimhe seo)

Cé chomh fada agus a d'fhéadfainn dul ó Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Maoilis, laistigh de thréimhse réasúnach ama?





**Am lae ar laethanta le linn na seachtaine**

### 30 nóiméad




### 45 nóiméad



# Rochtain Fheabhsaithe ar Fud na Cathrach

Ríomhadh ar fud an limistéir staidéir an cineál athraithe a léirítear ar na léarscáileanna ar leathanaigh roimhe.

Áireofar leis na leathanaigh seo a leanas léarscáileanna lena bhfreagrófar na ceisteanna seo a leanas:

- **Cá háit a dtiocfadh feabhas ar an rochtain ar phoist, laistigh de thréimhse réasúnach ama, leis an Dréacht-Ghréasán Nua?**
- **Cén áit a dtiocfadh laghdú ar an rochtain ar phoist, i gcomparáid leis an tseirbhís atá ann cheana?**

Dírítear sna léarscáileanna ar an athrú ar rochtain laistigh de 30 nóiméad agus de 45 nóiméad faoi seach ar laethanta le linn na seachtaine agus ar an Domhnach.

Is ionann seirbhísí ar an Satharn agus na seirbhísí ar laethanta le linn na seachtaine i bhformhór mór na gcásanna agus, dá bhrí sin, níor anailísíodh iad ar leithligh.

## Cén fáth a bhfuiltear ag díriú ar an rochtain ar phoist?

Teastaíonn ó dhaoine taisteal chuig a lán cineálacha áiteanna gach lá. Roimh Phaindéim COVID-19, fiú, measadh nach mbíodh turais chomaitéireachta chun na hoibre freagrach ach as cúigiú amháin den taisteal laethúil. Cén fáth nach bhfuiltear ag díriú sa tuarascáil seo ach amháin ar phoist? Tá trí phríomhchúis ann leis sin:

- **Tá ag poist agus ag rollú mac léinn tríú leibhéal na sonraí is comhsheasmhaí agus is inchomparáide.** Ní choinnítear sonraí faoi chineálacha eile ceann scríbe ar bhonn chomh comhsheasmhach céanna, agus níl siad chomh hinchomparáide céanna lena chéile ó láthair go láthair.
- **Is áiteanna fostaíochta iad an-chuid de na háiteanna a dtugann daoine cuairt orthu go tráthrialta.** Áirítear leo sin áiteanna siopadóireachta, scoileanna, bialanna, seirbhísí liachta agus a lán áiteanna eile. Mar thoradh air sin, gabhann rochtain níos fearr ar a lán cineálacha deiseanna le rochtain níos fearr ar phoist.
- **Tá rolluithe tríú leibhéal rí-chomhchruinnithe in dhá láthair: Ollscoil Luimnigh; agus Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Maoilis.** Tá poist níos scaipthe ar fud na cathrach. Dá gcuirfí idir phoist agus rollú tríú leibhéal ar áireamh, d'fhéadfadh go ndéanfaí áibhéil faoi cé chomh tairbheach is atá an Dréacht-Ghréasán Nua in áiteanna nár chabhraigh na feabhsuithe le daoine ach amháin chun an dá chineál áite sin a shroicheadh.

### Torthaí Achoimre

**Laistigh de 30 nóiméad:**

- D'fhéadfadh an cónaitheoir airmheánach 48% níos mó de phoist a rochtain ar laethanta le linn na seachtaine, agus 107% níos mó de phoist a rochtain ar an Domhnach.
- D'fhéadfadh 60% de chónaitheoirí líon níos mó post a rochtain, agus d'fhéadfadh 3% díobh líon níos lú post a rochtain.

**Laistigh de 45 nóiméad:**

- D'fhéadfadh an cónaitheoir airmheánach 29% níos mó de phoist a rochtain ar laethanta le linn na seachtaine, agus 47% níos mó de phoist a rochtain ar an Domhnach.
- D'fhéadfadh 92% de chónaitheoirí líon níos mó post a rochtain, agus d'fhéadfadh 1% díobh líon níos lú post a rochtain.

# Léarscáil den Athrú ar an Rochtain ar Phoist – 30 Nóiméad, Laethanta le linn na Seachtaine


**Leis an Dréacht-Ghréasán Nua, chuirfí feabhas ar na poist a d'fhéadfadh an chuid is mó de chónaitheoirí a rochtain laistigh de 30 nóiméad ar laethanta le linn na seachtaine.**

D'fhéadfadh 60% de chónaitheoirí iompar poiblí a úsáid chun níos mó post a rochtain ná mar atá amhlaidh i gcás na seirbhíse atá ann cheana.

D'fhéadfadh 37% díobh líon cosúil post a rochtain.

D'fhéadfadh 3% díobh líon níos lú post a rochtain.

D'fhéadfadh an cónaitheoir airmheánach 2,600 post níos mó a rochtain, arb ionann é agus méadú 48%.



# Léarscáil den Athrú ar an Rochtain ar Phoist – 45 Nóiméad, Laethanta le linn na Seachtaine


**Leis an Dréacht-Ghréasán Nua, chuirfí feabhas mór ar na poist a d'fhéadfadh cónaitheoirí a rochtain laistigh de 45 nóiméad ar laethanta le linn na seachtaine.**

D'fhéadfadh 92% de chónaitheoirí iompar poiblí a úsáid chun níos mó post a rochtain ná mar atá amhlaidh i gcás na seirbhíse atá ann cheana.

D'fhéadfadh 7% díobh líon cosúil post a rochtain.

D'fhéadfadh 1% díobh líon níos lú post a rochtain.

D'fhéadfadh an cónaitheoir airmheánach 5,700 post níos mó a rochtain, arb ionann é agus méadú 29%.



# Léarscáil den Athrú ar an Rochtain ar Phoist – 30 Nóiméad, an Domhnach


**Leis an Dréacht-Ghréasán Nua, chuirfí feabhas mór ar na poist a d'fhéadfadh cónaitheoirí a rochtain laistigh de 30 nóiméad ar an Domhnach.**

D'fhéadfadh 73% de chónaitheoirí iompar poiblí a úsáid chun níos mó post a rochtain ná mar atá amhlaidh i gcás na seirbhíse atá ann cheana.

D'fhéadfadh 27% díobh líon cosúil post a rochtain.

D'fhéadfadh níos lú ná 1% díobh líon níos lú post a rochtain.

D'fhéadfadh an cónaitheoir airmheánach 4,900 post níos mó a rochtain, arb ionann é agus méadú 107%.



# Léarscáil den Athrú ar an Rochtain ar Phoist – 45 Nóiméad, an Domhnach


**Leis an Dréacht-Ghréasán Nua, chuirfí feabhas mór ar na poist a d’fhéadfadh cónaitheoirí a rochtain laistigh de 45 nóiméad ar an Domhnach.**

D’fhéadfadh 95% de chónaitheoirí iompar poiblí a úsáid chun níos mó post a rochtain ná mar atá amhlaidh i gcás na seirbhíse atá ann cheana.

D’fhéadfadh 3% díobh líon cosúil post a rochtain.

D’fhéadfadh níos lú ná 1% díobh líon níos lú post a rochtain.

D’fhéadfadh an cónaitheoir airmheánach 8,800 post níos mó a rochtain, arb ionann é agus méadú 47%.






Leanann an tuarascáil seo ar aghaidh i dtrí aguisín. Tagann Aguisín A tar éis an leathanaigh seo.

Chun méid comhaid a rialú, foilsíodh Aguisíní B agus C ar leithligh.

Tá siad sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin an tionscadail: www.busconnects.ie/limerick/.

# Aguisín A

## Minicíochtaí Seirbhíse de réir an Ama den Lá sa Ghréasán atá ann cheana agus sa Dréacht-Ghréasán Nua – Tábla Inrochtana

# Miniciíochtaí agus Raonta an Ghréasáin atá ann cheana (Téacs, 1/2)

| Bealach | Laethanta le linn na seachtaine agus an Satharn ó 5 am go dtí 8 pm | Laethanta le linn na seachtaine agus an Satharn ó 8 pm go dtí 5 am | An Domhnach ó 5 am go dtí 8 pm | An Domhnach ó 8 pm go dtí 5 am | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|
| Bealach 301 idir an Ráithín agus Westbury | Gach 30 nóiméad ó 7 am go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 30 nóiméad ó 10 am go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Tar éis 7 pm, ní fhreastalaíonn Bealach 301 ar Bhóthar de hÍde. Ina ionad sin, freastalaíonn sé ar Ascaill Uí Chonaill |
| Síneadh Bhealach 301 go hEastát Tionscail an Ráithín | Gach 30 nóiméad ó 7 am go dtí 10 am agus idir 4 pm agus 7 pm | Gan aon seirbhís | Gan aon seirbhís | Gan aon seirbhís | |
| Bealach 302 idir Cathair Dháibhín agus Lár Cathrach Luimnigh | Gach 20 nóiméad ó 7 am go dtí 7 pm | Gach 30 nóiméad ó 7 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 30 nóiméad ó 10 am go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | |
| Bealach 303 idir Pineview agus Páirc Uí Mháille | Gach 30 nóiméad ó 6 am go dtí 7 am, agus ansin gach 15 nóiméad go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 30 nóiméad ó 7 am go dtí 10 am, agus ansin gach 20 nóiméad go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | |
| Síneadh Bhealach 303 go Aldi, Bóthar Childers | Gach 30 nóiméad ó 10 am go dtí 4 pm | Gan aon seirbhís | Gach 30 nóiméad ó 10 am go dtí 4 pm | Gan aon seirbhís | |
| Bealach 304 idir Baile Choimín agus Ollscoil Luimnigh | Gach 15 nóiméad ó 6 am go dtí 9 pm | Gach 30 nóiméad ó 9 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 60 nóiméad ó 7 am go dtí 8 am, agus ansin gach 30 nóiméad go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | |
| Síneadh Bhealach 304 go dtí an Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta | Gach 15 nóiméad ó 7 am go dtí 10 am agus idir 4 pm agus 8 pm | Gan aon seirbhís | Gach 60 nóiméad ó 7 am go dtí 8 am | Gach 30 nóiméad ó 7 pm go dtí 8 pm | |

# Minicíochtaí agus Raonta an Ghréasáin atá ann cheana (Téacs, 2/2)

| Bealach | Laethanta le linn na seachtaine agus an Satharn ó 5 am go dtí 8 pm | Laethanta le linn na seachtaine agus an Satharn ó 8 pm go dtí 5 am | An Domhnach ó 5 am go dtí 8 pm | An Domhnach ó 8 pm go dtí 5 am | Nótaí |
| --- | --- | --- | --- | --- | --- |
| Síneadh Bhealach 304 go Johnson & Johnson Vision Care | Gach 15 nóiméad ó 7 am go dtí 8 am | Gach 15 nóiméad ó 7 pm go dtí 8 pm | Gach 60 nóiméad ó 7 am go dtí 8 am | Gach 30 nóiméad ó 7 pm go dtí 8 pm | |
| Bealach 304A idir an Ráithín agus Ollscoil Luimnigh | Gach 30 nóiméad ó 7 am go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 30 nóiméad ó 9 am go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | |
| Bealach 305 idir Páirc Lynwood agus Lár Cathrach Luimnigh | Gach 60 nóiméad ó 7 am go dtí 5 pm | Gan aon seirbhís | Gan aon seirbhís | Gan aon seirbhís | |
| Bealach 305A idir Páirc Mhuire agus Lár Cathrach Luimnigh | Gach 60 nóiméad ó 7 am go dtí 5 pm | Gan aon seirbhís | Gach 60 nóiméad ó 10 am go dtí 6 pm | Gan aon seirbhís | |
| Bealach 306 idir Baile Uí Neachtain agus Sráid Éadbhaird | Gach 60 nóiméad ó 7 am go dtí 8 pm | Gan aon seirbhís | Gan aon seirbhís | Gan aon seirbhís | |
| Bealach 306 – cuid ghearr idir Bóthar na Seanbhuaile agus Lár Cathrach Luimnigh amháin | Freastalaíonn bealach 306 air gach 60 nóiméad ó 7 am go dtí 8 pm amháin | Gach 60 nóiméad ó 7 am go dtí 11 pm | Gach 60 nóiméad ó 10 am go dtí 8 pm | Gach 60 nóiméad ó 8 pm go dtí 10 pm | Ar laethanta le linn na seachtaine agus ar an Satharn tar éis 7 pm agus ar an Domhnach ar fud an lae, ní fhreastalaíonn Bealach 306 ar limistéir atá laisteas de Shráid an tSáirséalaigh agus de Shráid Anraí. |
| Bealach 310 idir an Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta agus Lár Cathrach Luimnigh | Gach 30 nóiméad ó 6 am go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 30 nóiméad ó 6 am go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | |

# Minicíochtaí agus Raonta an Dréacht-Ghréasáin Nua (Téacs, 1/3)

| Bealach | Laethanta le linn na seachtaine agus an Satharn ó 5 am go dtí 8 pm | Laethanta le linn na seachtaine agus an Satharn ó 8 pm go dtí 5 am | An Domhnach ó 5 am go dtí 8 pm | An Domhnach ó 8 pm go dtí 5 am | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|
| Bealach 1 idir Ospidéal Ollscoile Luimnigh agus Áth Longfoirt | Gach 30 nóiméad ó 6 am go dtí 7 am, agus ansin gach 15 nóiméad go dtí 8 pm. | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche, agus ansin gach 60 nóiméad go dtí 1 am | Gach 30 nóiméad ó 7 am go dtí 9 am, agus ansin gach 15 nóiméad go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche, agus ansin gach 60 nóiméad go dtí 1 am | |
| Bealach 1A idir Ospidéal Ollscoile Luimnigh agus Bruach na Sionainne | Gach 60 nóiméad ó 6 am go dtí 7 am, agus ansin gach 30 nóiméad go dtí 8 pm | Gach 60 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 60 nóiméad ó 7 am go dtí 9 am, agus ansin gach 30 nóiméad go dtí 8 pm | Gach 60 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | |
| Bealach 1B idir Ospidéal Ollscoile Luimnigh agus PCC Westbury trí Chluain Ioraird | Gach 60 nóiméad ó 7 am go dtí 8 pm | Gan aon seirbhís | Gach 60 nóiméad ó 9 am go dtí 8 pm | Gan aon seirbhís | |
| Bealach 1C idir Ospidéal Ollscoile Luimnigh agus Westbury PCC trí Chéide Crofton | Gach 60 nóiméad ó 6 am go dtí 8 pm | Gach 60 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 60 nóiméad ó 7 am go dtí 8 pm | Gach 60 nóiméad ó 8 pm go dtí 1 am | |
| Bealach 2 idir Maoilis agus Campas Thuaidh Ollscoil Luimnigh | Gach 30 nóiméad ó 6 am go dtí 7 am, agus ansin gach 15 nóiméad go dtí 8 pm. | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche, agus ansin gach 60 nóiméad go dtí 1 am | Gach 30 nóiméad ó 7 am go dtí 9 am, agus ansin gach 15 nóiméad go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche, agus ansin gach 60 nóiméad go dtí 1 am | |
| Bealach 2A idir Ionad Siopadóireachta Ó Cuanach agus Campas Thuaidh Ollscoil Luimnigh | Gach 60 nóiméad ó 6 am go dtí 7 am, agus ansin gach 30 nóiméad go dtí 8 pm | Gach 60 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 60 nóiméad ó 7 am go dtí 9 am, agus ansin gach 30 nóiméad go dtí 8 pm | Gach 60 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | |

# Minicíochtaí agus Raonta an Dréacht-Ghréasáin Nua (Téacs, 2/3)



| **Bealach** | **Laethanta le linn na seachtaine agus an Satharn ó 5 am go dtí 8 pm** | **Laethanta le linn na seachtaine agus an Satharn ó 8 pm go dtí 5 am** | **An Domhnach ó 5 am go dtí 8 pm** | **An Domhnach ó 8 pm go dtí 5 am** | **Nótaí** |
|---|---|---|---|---|---|
| Bealach 2B idir Ionad Siopadóireachta Jetland agus Campas Thuaidh Ollscoil Luimnigh | Gach 60 nóiméad ó 6 am go dtí 7 am, agus ansin gach 30 nóiméad go dtí 8 pm | Gach 60 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 60 nóiméad ó 7 am go dtí 9 am, agus ansin gach 30 nóiméad go dtí 8 pm | Gach 60 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | |
| Bealach 3 idir Ionad Siopadóireachta Ó Cuanach agus Páirc Uí Mháille | Gach 30 nóiméad ó 6 am go dtí 7 am, agus ansin gach 15 nóiméad go dtí 8 pm. | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche, agus ansin gach 60 nóiméad go dtí 1 am | Gach 30 nóiméad ó 7 am go dtí 9 am, agus ansin gach 15 nóiméad go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche, agus ansin gach 60 nóiméad go dtí 1 am | |
| Bealach 3A idir Ionad Siopadóireachta Ó Cuanach agus Scoil an Bháin Mhóir | Gach 60 nóiméad ó 6 am go dtí 7 am, agus ansin gach 30 nóiméad go dtí 8 pm | Gach 60 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 60 nóiméad ó 7 am go dtí 9 am, agus ansin gach 30 nóiméad go dtí 8 pm | Gach 60 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | |
| Bealach 3B idir Ionad Siopadóireachta Ó Cuanach agus an Sráidbhaile Seoirseach | Gach 60 nóiméad ó 6 am go dtí 7 am, agus ansin gach 30 nóiméad go dtí 8 pm | Gach 60 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 60 nóiméad ó 7 am go dtí 9 am, agus ansin gach 30 nóiméad go dtí 8 pm | Gach 60 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | |
| Bealach 4 idir Eaglais Neasáin agus Ollscoil Luimnigh | Gach 30 nóiméad ó 5 am go dtí 7 am, agus ansin gach 10 nóiméad go dtí 8 pm | Gach 15 nóiméad ó 8 pm go dtí 10 pm, agus ansin gach 30 nóiméad ó 10 pm go dtí 12 am meán oíche, agus ansin gach 60 nóiméad go dtí 5 am | Gach 60 nóiméad ó 5 am go dtí 6 am, agus ansin gach 30 nóiméad ó 6 am go dtí 9 am, agus ansin gach 15 nóiméad go dtí 10 pm | Gach 30 nóiméad ó 10 pm go dtí 12 am meán oíche, agus ansin gach 60 nóiméad ó 12 am meán oíche go dtí 5 am | Ar an Satharn idir 7 am agus 8 pm, bheadh seirbhís gach 15 nóiméad ag Bealach 4. |

# Minicíochtaí agus Raonta an Dréacht-Ghréasáin Nua (Téacs, 3/3)

| Bealach | Laethanta le linn na seachtaine agus an Satharn ó 5 am go dtí 8 pm | Laethanta le linn na seachtaine agus an Satharn ó 8 pm go dtí 5 am | An Domhnach ó 5 am go dtí 8 pm | An Domhnach ó 8 pm go dtí 5 am | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|
| Bealach 4A idir Bóthar an Athar Ruiséil agus Áth an Choite trí Bhóthar Pháirc Plassey | Gach 60 nóiméad ó 5 am go dtí 7 am, agus ansin gach 20 nóiméad go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 10 pm, agus ansin gach 60 nóiméad ó 10 pm go dtí 12 am meán oíche. | Gach 60 nóiméad ó 5 am go dtí 9 am, agus ansin gach 30 nóiméad go dtí 10 pm | Gach 60 nóiméad ó 10 pm go dtí 12 am meán oíche. | Ar an Satharn idir 7 am agus 8 pm, bheadh seirbhís gach 30 nóiméad ag Craobh 4A. |
| Bealach 4B idir Eastát Tionscail an Ráithín agus Áth an Choite trí Bhóthar Choláiste Chaladh an Treoigh | Gach 60 nóiméad ó 5 am go dtí 7 am, agus ansin gach 20 nóiméad go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 10 pm, agus ansin gach 60 nóiméad ó 10 pm go dtí 5 am | Gach 60 nóiméad ó 5 am go dtí 9 am, agus ansin gach 30 nóiméad go dtí 10 pm | Gach 60 nóiméad ó 10 pm go dtí 5 am | Ar an Satharn idir 7 am agus 8 pm, bheadh seirbhís gach 30 nóiméad ag Craobh 4B. |
| Bealach 5 idir Ospidéal Ollscoile Luimnigh agus Páirc Mhuire | Gach 30 nóiméad ó 6 am go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 30 nóiméad ó 7 am go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | |
| Bealach 6 idir Ionad Siopadóireachta Ó Cuanach agus Ollscoil Luimnigh | Gach 30 nóiméad ó 6 am go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 30 nóiméad ó 7 am go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | |
| Bealach 11 idir Gairdíní an tSáirséalaigh agus Stáisiún Cholbaird | Gach 60 nóiméad ó 6 am go dtí 8 pm | Gan aon seirbhís tar éis 8 pm | Gach 60 nóiméad ó 10 am go dtí 8 pm | Gan aon seirbhís tar éis 8 pm | |
| Bealach 12 idir Ionad Siopadóireachta Jetland agus Stáisiún Cholbaird | Gach 60 nóiméad ó 6 am go dtí 8 pm | Gan aon seirbhís tar éis 8 pm | Gach 60 nóiméad ó 10 am go dtí 8 pm | Gan aon seirbhís tar éis 8 pm | |
| Bealach 13 idir Stáisiún Cholbaird agus Ard na Croise trí Bhóthar an Chorrbhaile | Gach 60 nóiméad ó 6 am go dtí 8 pm | Gach 120 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 60 nóiméad ó 8 am go dtí 8 pm | Gach 120 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | |
| Bealach 14 idir Stáisiún Cholbaird agus Ard na Croise trí Bhóthar Chill Liaile | Gach 60 nóiméad ó 6 am go dtí 8 pm | Gach 120 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 60 nóiméad ó 8 am go dtí 8 pm | Gach 120 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | |

BUS CONNECTS LUIMNEACH

IOMPAR INBHUANAITHE DO CHATHAIR NÍOS FEARR.

NTA

Údarás Náisiúnta Iompair

National Transport Authority

Project Ireland 2040

*Building Ireland's Future*